An Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public
Expenditure and Reform

# An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Tuarascáil Bhliantúil 2019

# Clár Ábhar

**Achoimre Feidhmiúcháin** **i**

**1 Bainistiú Níos Fearr a dhéanamh ar Chaiteachas Poiblí** **1**

1.1. An Próiseas Meastachán a Bhainistiú 1
1.2. Caiteachas Vótáilte a Bhainistiú 2
1.3. Caiteachas Caipitiúil a Bhainistiú 4
1.4. Seirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann 5
1.5. Cuntasaíocht Rialtais 6

**2 Brexit agus Comhoibriú Idirnáisiúnta** **7**

2.1. Brexit 7
2.2. Ceisteanna AE 7
2.3. Comhoibriú Thuaidh-Theas 7
2.4. Cláir Chistí Struchtúracha an AE 7
2.5. Beartas Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na Eorpa (CSIE) 9

**3 Pá, Pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch na Seirbhíse Poiblí** **10**

3.1. Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 10
3.2. An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí (an CPSP) 10
3.3. Caidreamh Tionsclaíoch 11
3.4. Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí 11
3.5. Ceisteanna eile Pá agus Pinsean 12

**4 Athnuachan na Státseirbhíse** **14**

4.1. Plean Athnuachana na Státseirbhíse 14
4.2. An Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020 16
4.3. Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí 19

**5 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí** **20**

5.1. Ár Seirbhíse Phoiblí 2020 20
5.2. Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht 22
5.3. Bearta Reachtaíochta agus Rialachais Phoiblí 23

**6 Rialtas Digiteach** **26**

6.1. Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR) 26
6.2. Príomhéachtaí Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí in 2019 26
6.2.1. Tógáil le Roinnt 27
6.2.2. Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha 28
6.2.3. Sonraí mar Chumasóir 28
6.2.4. Feabhas a chur ar Rialachas 29
6.2.5. Acmhainn Mhéadaithe 29

6.3. Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017-2020 29
6.4. Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 30
6.5. Idirchaidreamh a dhéanamh ar Leibhéal AE agus Idirnáisiúnta 30
6.6. GovTech 31

**7 Soláthar Poiblí 32**

7.1. Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí 32
7.2. Soláthar Poiblí Straitéiseach 32
7.3. Creataí Soláthair na Seirbhíse Poiblí 33
7.4. Soláthar Tógála 33
7.5. Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 34
7.6. Tuarascáil Anailíse ar Chaiteachas agus ar Tairiscintí na Seirbhíse Poiblí 35
7.7. Úsáid níos fearr a bhaint as Teicneolaíocht Dhigiteach 35
7.8. Tacú le Foireann an OSR 36

**8 Tacú lenár bhFoireann chun a Misean a Bhaint Amach 38**

8.1. Straitéis People@PER 38
8.2. Comhpháirtíocht Gnó Acmhainní Daonna 38
8.3. Oibríochtaí Acmhainní Daonna 39
8.4. Forbairt Eagraíochta 39
8.5. Bainistíocht Chorparáideach 40
8.6. Iniúchóireacht Inmheánach agus AE 40
8.7. Oifig an Phríomhoifigigh Leighis (an POL) 41

# Achoimre Feidhmiúcháin

## Eolas faoin Tuarascáil Bhliantúil seo

Is é Misean na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun freastal ar leas an phobail trí thacú le caiteachas poiblí dea-bhainistithe dea-dhírithe agus inbhuanaithe trí sheirbhísí nuachóirithe, éifeachtacha agus cuntasacha poiblí. Chun tacú leis an misean seo, tugann an Roinn faoi dhá sprioc straitéiseacha a bhaint amach:

- Caiteachas poiblí a bhainistiú ar leibhéil inbhuanaithe ar bhealach pleanáilte, réasúnach agus cothrom chun tacú le forbairt gheilleagrach agus dul chun cinn sóisialta na hÉireann; agus
- Struchtúir bhainistíochta agus rialachais phoiblí a bheith ann atá éifeachtach agus freagrúil don saoránach, trédhearcach agus cuntasach, agus a fheabhsaíonn éifeachtacht an chaiteachais phoiblí, leis sin.

D'oibrigh foireann na Roinne as lámh a chéile i gcaitheamh 2019 ar réimse iomlán beartas, tionscadal agus tionscnaimh chun tabhairt faoi na spriocanna seo a bhaint amach. **Mar gheall ar éigeandáil sláinte poiblí Covid-19, tháinig athrú ollmhór ar an gcomhthéacs straitéiseach d'obair na Roinne idir deireadh 2019 agus an tráth a foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo i lár-2020. Tá athruithe móra tar éis eascairt as seo ar obair na Roinne agus tá an tírdhreach ina ndéantar caiteachas poiblí a bhainistiú agus ina ndéantar Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a stiúradh an-éagsúil anois. Is tábhachtach go fóill, áfach, chun súil a chaitheamh siar ar an mbliain 2019 chun na príomhfhorbairtí agus na príomhéachtaí a chur san áireamh ina leith seo i rith na tréimhse sin agus is air seo a dhíríonn an Tuarascáil Bhliantúil seo.**

## Caiteachas Poiblí a Bhainistiú

Lean Éire in 2019 ag oibriú faoi ghné choisctheach an Chomhaontaithe Cobhsaíochta agus Fáis. aChuir an Roinn, mar aon leis an Roinn Airgeadais, an cúigiú hIdirphlé Eacnamaíochta Náisiúnta bliantúil ar siúl i Meitheamh, a thug an deis do pháirtithe leasmhara chun teacht le chéile chun dearcthaí a mhalartú, roimh an mBuiséad, ar na tosaíochtaí sóisialta agus geilleagracha a raibh ar an Roinn déileáil leo i gcomhthéacs paraiméadair mhaicreacnamaíocha agus fhioscacha. Foilsíodh Ráiteas Eacnamaíochta an tSamhraidh an mhí chéanna, agus rinneadh seo i gcomhar leis an Roinn Airgeadais chomh maith. Foilsíodh an Tuarascáil Chaiteachais Lárbhliana an mhí ina dhiaidh sin. Cuirtear an pointe tosaigh ar fáil sna tuarascálacha seo le haghaidh breithniúcháin bhuiséid a dhéanann an tOireachtas agus leagtar amach iontu uasteorainneacha caiteachais bonnlíne sa mheántéarma.

Lean an Roinn lena próiseas um Athbhreithniú ar Chaiteachas a chumhdaíonn iomláine chaiteachas an Rialtais i gcaitheamh tréimhse trí bliana go dtí 2019. Foilsíodh thart ar 81 páipéar go dtí seo, a chuir le bonn fianaise daingean chun eolas a chur ar fáil do cheapadh beartais sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Cuirfear tús in 2020 le babhta nua trí bliana d'Athbhreithnithe Caiteachais, leanfar leis an bpróiseas ina ndéanfar measúnú criticiúil ar chláir ar bhonn rollach, fianaise a shuíomh i gceartlár an cheaptha beartais agus eolas a chur ar fáil don phlé faoi Mheastacháin le Ranna.

D'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Chaiteachais 2020 ar Lá an Bhuiséid (an 8 Deireadh Fómhair). Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas reatha beagán de bhreis ar €60 billiún i Ranna in 2019, arb ionann sin agus méadú bliain ar bhliain beagnach €3 billiún nó 5.2% aníos ó thoradh 2018, a léiríonn tiomantas an Rialtais do sheirbhísí poiblí éifeachtúla

agus éifeachtacha a sholáthar. Rinne an Roinn bainistiú fairsing ar chaiteachas Vótáilte ar aon dul leis an tsuim a leagtar amach i dTuarascáil Chaiteachais 2019, anuas ar na tionscnaimh Feidhmíochta Buiséadta agus Buiséadta Comhionannais a thabhairt chun cinn.

Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas €7.2 billiún i Ranna in 2019, arb ionann sin agus méadú bliain ar bhliain beagnach €1.2 billiún nó 20% ar infheistíocht chaipitil, aníos ó thoradh €6.0 billiún 2018, a léiríonn tiomantas an Rialtais do chaiteachas caipitiúil a mhéadú ar aon dul leis an bPlean Forbartha Náisiúnta.

Tionscadal Éireann 2040 - thacaigh roinnt príomh-aschuir le cur i bhfeidhm TÉ2040 in 2019, foilsiú Tógáil 2019 – Feidhmíocht agus Ionchais san Earnáil Tógála (‘Build 2019 – Construction Sector Performance and Prospects’), Ionchais - Mórthionscadail Bhonneagair ar na Bacáin in Éirinn (‘Prospects - Ireland’s Pipeline of Major Infrastructure Projects’), an chéad Tuarascáil Bhliantúil ina leagtar amach dul chun cinn go dtí seo i soláthar, Cód Caiteachais Phoiblí nuashonraithe chun an treoir maidir le hinfheistíocht phoiblí a threisiú, agus uirlis léarscáilithe Myprojectireland, anuas ar Rianaire Infheistíochta nuashonraithe agus fairsingithe.

### Brexit agus Comhoibriú Idirnáisiúnta
Lean an Roinn ag ullmhú do Brexit i ngach cás agus chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tháinig chun solais don réimse limistéir bheartais a raibh sí freagrach astu, anuas ar an tionchar a d’imir Brexit ar an ngeilleagar níos fairsinge. Anuas air sin, dhírigh sé ar fhorbairtí níos fairsinge ar leibhéal an AE agus go hidirnáisiúnta, agus ullmhú á dhéanamh do phlé a bheidh ag teacht aníos ar thodhchaí na hEorpa. Leanfaidh an Roinn le tús áite a thabhairt d’fhorbairtí Brexit agus AE.

### Beartas Comhtháthaithe agus Cistí Struchtúracha
Lean an Roinn ar aghaidh le maoirseacht a dhéanamh ar Chlár Cistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh 2014-2020. (Is ionann fáltais CFRE go dtí seo agus €157.5 milliún, ar an iomlán). Tá idirbheartaíocht ar leibhéal Meitheal Oibre agus Aire do thréimhse an chláir ó 2021 go 2027 ar bun ó d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tograí reachtaíochta an Bheartais Chomhtháthaithe iar-2020 i mBealtaine 2018. I dturas an ama, comhaontaíodh ar sheasamh na Comhairle maidir leis an bpacáiste foriomlán agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag idirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa ag féachaint leo seo a chur i gcrích sula dtosóidh an chéad tréimhse chláir eile.

Chuir an Roinn tús le rannpháirtíocht fhoirmiúil maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta 2021-2027 agus Cláir Oibríochtúla CFRE a fhorbairt i rith 2019. Chuir an Roinn tús freisin le pleanáil do chlár nua PEACE PLUS Thuaidh Theas a thiocfaidh in ionad chláir reatha trasteorann PEACE agus INTERREG don tréimhse 2021-2027.

### Pá, Pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch na Seirbhíse Poiblí
Bhí príomhról ag an Roinn maidir le roinnt dúshláin shuntasacha chaidrimh thionsclaíoch a bhainistiú sa tSeirbhís Phoiblí i rith 2019, agus í ag cinntiú go leanfar leis an mbille pá agus pinsin seirbhíse poiblí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe laistigh de chreat Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020.

D’fhoilsigh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí (an CPSP) a thríú tuarascáil i mBealtaine 2019, a bhain le hearcaíocht agus coinneáil in Óglaigh na hÉireann. Foilsíodh ceathrú tuarascáil, agus tuarascáil deiridh an Choimisiúin i nDeireadh Fómhair 2019. Pléadh sa tuarascáil sainghráid sa tseirbhís phoiblí, poist shinsearacha agus gairmithe sláinte áirithe seirbhíse poiblí.

Lean an Roinn lena hiarrachtaí dírithe chun dul i ngleic le cur i bhfeidhm ag Údaráis Ábhartha Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus chun réiteach fadtéarmach riaracháin a fhorbairt.

### Athnuachan na Státseirbhíse

Lean an Roinn le cur i bhfeidhm Chlár Athnuachana na Státseirbhíse a chomhordú, a ndéanann Bord Bainistíochta na Státseirbhíse maoirseacht air. Leagtar sonraí amach faoin dul chun cinn a rinneadh maidir le tionscadail athnuachana a sholáthar a bhfuil freagracht dhíreach ar an Roinn astu, i bpríomhchorp na Tuarascála seo. Foilsíodh an ceathrú tuarascáil ar dhul chun cinn ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse i mBealtaine 2019 ina leagtar amach an t-ardleibhéal dul chun cinn a baineadh amach i ngach ceann de na gníomhartha sa phlean ó cuireadh tús le cur i bhfeidhm.

### Straitéis Daoine na Státseirbhíse

Ar aon dul le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, lean an Roinn, i gcomhoibriú leis an bPobal Acmhainní Daonna Státseirbhíse níos fairsinge, chun an Straitéis Daoine don Státseirbhís, 2017-2020 a chur i bhfeidhm i rith 2019. Tá de chuspóir ag an Straitéis chun tacú le seirbhísí poiblí níos éifeachtaí agus ar chaighdeán níos airde a sholáthar don Stát agus dá shaoránaigh trí Acmhainní Daonna a shuíomh mar thiomántóir straitéiseach a chumasaíonn trí thosaíocht a sholáthar. Bí i do Rogha Fostóra; Lucht Saothair na Todhchaí a Thógáil; agus Bainisteoirí a Fhorbairt, Tacú leo agus Luach a léiriú orthu mar Fhorbróirí Daoine.

### Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Dírítear in Ár Seirbhís Phoiblí 2020, atá ar bun ó 2018, ar thacú le dul chun cinn inbhuanaithe leanúnach chun Seirbhís Phoiblí níos láidre a fhorbairt agus chun seirbhísí ar chaighdeán níos fearr agus torthaí níos fearr a sholáthar don phobal. Tacaíonn sé le nuálaíocht, agus oibriú níos fearr ar fud an Rialtais go léir, agus leagtar béim láidir ar thorthaí an athchóirithe a thomhas.

I rith na bliana, lean an Roinn le próiseas ÁSP 2020 a threorú, anuas ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gníomhartha agus táscairí cuí a shainaithint chun cur i bhfeidhm níos rathúla a thomhas. Lean an Roinn freisin lena clár athchóirithe atá dírithe ar rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a sholáthar: Síníodh an tAcht um Roinnt agus Rialachas Sonraí, 2019 isteach sa dlí i Márta 2019 agus críochnaíodh an dara hathbhreithniú reachtúil ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 i Nollaig 2019 agus foilsíodh go luath in 2020 é. Leanadh ar aghaidh leis an tionscnamh Sonraí Oscailte a chur i bhfeidhm, agus leanadh le tacaíocht agus comhairle leanúnach a sholáthar maidir leis an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise a chur i bhfeidhm i measc saoránach, chomh maith lena mhéid le 600 comhlacht seirbhíse poiblí. Tugadh faoi rannpháirtíocht sa phróiseas chun plean a leanann Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na Comhpháirtíochta um Rialtas Oscailte 2016-2018 a chur i bhfeidhm agus a chruthú.

### Rialtas Digiteach

Lean Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR), ag oibriú le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ar fud na Seirbhíse Poiblí, leis an gclár claochlaithe dhigitigh a chur chun cinn ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Lean OPOFR le idirchaidreamh a dhéanamh freisin leis an AE agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (an ECFE) maidir le réimse tionscnamh.

I measc na n-éachtaí in 2019, rinneadh an méid seo a leanas: Plean Gníomhaíochta 18 gCéim chun Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm agus, go háirithe, chun an tsraith seirbhísí *Tógáil le Roinnt* (BTS) a fhairsingiú, eagraíochtaí nua a thabhairt isteach go dtí an tseirbhís Deisce Bainistithe agus leanúint leis an tsraith Feidhmchlár agus seirbhísí Líonraí Rialtais a thabhairt isteach agus a fhorbairt ar fud na tíre; tairseach gov.ie a chur chun cinn, ina bhfuil gach láithreán gréasáin Roinn Rialtais á aistriú, agus réiteach an Néil Rialtais phríobháidigh; agus an tIonad Sonraí Seirbhíse Poiblí a chur chun cinn.

Ina theannta sin, thug an OPOFR cur i bhfeidhm Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017-2020 agus Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 chun cinn agus thacaigh sé leis an Oireachtas maidir leis an mbreithniú a rinne sé ar an Acht um Roinnt agus Rialachas Sonraí agus le rith an Achta. Rinne sé Straitéis Gairmiúlaithe Acmhainní Daonna TFC a chur chun cinn, go háirithe tabhairt faoin gclár píolótach Printíseach Speisialtóir TFC, agus d'oibrigh sé chun an glacadh a mhéadú le MyGovId i measc gníomhaireachtaí rialtais a mhéadú agus d'oibrigh sé leis an gclár Máistreachta sa Mhargaíocht Dhigiteach i gColáiste na Tríonóide chun measúnú a dhéanamh ar eispéireas custaiméirí ar sheirbhísí rialtais dhigitigh. Rinne sé idirchaidreamh leanúnach le hinstitiúidí iltaobhacha, an ECFE agus an AE maidir leis an Rialachán um Pointe Rochtana Aonair Digiteach agus ghlac sé páirt i ngrúpaí beartais agus teicniúla le haghaidh eIDAS agus Chomhpháirtíocht Bhlocshlabhra na hEorpa.

### Soláthar Poiblí

Glacann an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR) ceannas ar chur i bhfeidhm an Chláir Athchóirithe Soláthair Phoiblí, agus cruthaíonn sé leibhéil mhéadaithe de chomhoibriú agus de chomhsheasmhacht i soláthar seirbhíse poiblí. Chríochnaigh foirne Foinsithe an OSR 1,004 comórtas in 2019 inar caitheadh €4,516 milliún, ar an iomlán, (socrú ina measc do leictreachas ina raibh caitheamh measta €3 billiún i gcaitheamh shaolré an chreata). Bhunaigh sé 23 creat-chomhaontú breise, 17 gconradh dhioscráideacha agus breis agus 964 iomaíocht ó chreat-chomhaontuithe chun cabhrú le comhlachtaí earnála poiblí chun earraí agus seirbhísí a fháil. Tá breis agus 120 creat-chomhaontú gníomhach ag an OSR anois.

Cuireann socruithe an OSR tacaíocht ríthábhachtach do sheirbhísí ar fáil don saoránach agus i measc na gconarthaí nua i mbliana, bhí otharcharranna, leictreachas do shoilsiú sráide agus creat náisiúnta chun suirbhéireacht a dhéanamh ar aispeist a mbeidh teacht ag FSS, OOP agus údaráis áitiúla air.

Thosaigh an OSR le comhairliúcháin maidir leis na fiúntais a bhaineann le hombudsman soláthair a bhunú agus ar chur i bhfeidhm agus cuíchóiriú an chláir athchóirithe. D'fhoilsigh sé treoir nuashonraithe agus nótaí eolais nuashonraithe chun gairmiúlú soláthair phoiblí a éascú. Seoladh athbhreithniú ar na beartais agus na cleachtais chun tionscadail oibreacha poiblí a sholáthar i Márta agus foilsíodh Páipéar Seasaimh ar Rannpháirtíocht Sainchomhairleoireachta i mBealtaine mar chuid den chéad ghlúin eile den Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla (CBOC) a fhorbairt. Chas Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais (CCTR) le chéile 8 n-uaire in 2019.

Bhuaigh an OSR Dámhachtain Bainistíochta Saoráidí in 2019 i ngeall ar an obair a rinne sé leis an nGarda Síochána. Cuireadh an OSR ar an ngearrliosta freisin do Dhámhachtainí Acmhainní Daonna na hInstitiúide Cairte um Fhorbairt Pearsanra (an ICFP) don tionscnamh rannpháirtíochta fostaithe is fearr agus don fhoireann acmhainní daonna is fearr, a bhronnfar in 2020.

**Tacú lenár bhFoireann chun a Misean a Bhaint Amach**

Lean Aonad Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne le Straitéis People@PER na Roinne a sholáthar, chomh maith le réimse fairsing seirbhísí acmhainní daonna a sholáthar d'fhoireann na Roinne. Rinne sé bainistíocht ar leibhéal suntasach d'athrúchán foirne agus lean sé ar aghaidh le raon fairsing de dheiseanna oiliúna agus forbartha a chur ar fáil don fhoireann.

I gcaitheamh 2019, chuir an Oifig Chorparáideach tacaíocht chorparáideach ar fáil don Ard-Rúnaí agus don Roinn go ginearálta, agus rinne sí comhordú ar fhorbairt Phlean Gnó do 2019 agus 2020 na Roinne agus ar Thuarascáil Bhliantúil 2018 na Roinne chomh maith le cur chuige na Roinne i leith rialachais, bainistíocht eolais, bainistíocht riosca agus comhlíonta. Thacaigh sé leis an gCoiste Rialachais agus leis an mBord Bord Bainistíochta san obair leanúnach a rinne siad chun monatóireacht a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar nósanna imeachta rialachais sa Roinn. Lean an tAonad Airgeadais le feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais sa Roinn.

Chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Aonad Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh le seirbhís a sholáthar don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais agus chun a Plean Straitéiseach Iniúchóireachta Inmheánaí 2016-2019 a chur i bhfeidhm.

Chuir Oifig an Aire tacaíocht feidhmiúcháin ar fáil don Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Lean an Phreasoifig le fís, ráiteas misin, agus luachanna agus obair an Aire a léiriú chun cumarsáid a dhéanamh ar bhealach straitéiseach agus éifeachtach le páirtithe leasmhara ábhartha. Ghlac Oifig an Ard-Rúnaí le príomhról i dtaobh tacaíocht a sholáthar don Ard-Rúnaí i gcomhthéacs a chuid freagrachtaí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

**Oifig an Phríomhoifigigh Leighis (An POL)**

Lean an Príomh-Oifigeach Leighis ar aghaidh le seirbhís sláinte cheirde a bhí éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais a sholáthar, chomh maith le comhairle a sholáthar ar cheisteanna sláinte cheirde do lucht saothair ina raibh thart ar 42,000 duine de chuid na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí le linn 2019. I measc na limistéar nua oibre, bhí seiceálacha ar éisteacht closghraim agus ar nochtadh do dheannach i measc oibrithe tionsclaíocha OOP agus imdhíonadh d'oifigigh inimirce.

Bronnadh creidiúnú Seirbhís Sláinte Cheirde Shábháilte, Éifeachtach, Ardchaighdeáin (SEQOHS) ar an POL i Meitheamh 2019, a chinntíonn gur seirbhís nua-aimseartha agus éifeachtúil í a oibrítear ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta sláinte cheirde.

# 1 Bainistiú Níos Fearr a dhéanamh ar Chaiteachas Poiblí

## 1.1. An Próiseas Meastachán a Bhainistiú

D'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Chaiteachais 2020 i nDeireadh Fómhair. Leagadh amach ann seo na bearta mionsonraithe buiséid don bhliain 2020, anuas ar uasteorainneacha meántéarmacha caiteachas Aire a fhad le 2022. Foilsíodh an tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2020 (an IMA) i mí na Nollag ina dhiaidh sin, ina leagtar amach leithdháiltí mionsonraithe caiteachais don bhliain 2020 ar leibhéal cláir. Áirítear leis seo eolas faoi fheidhmíocht do gach Vóta, ina leagtar amach na príomhsheirbhísí agus na príomhghníomhaíochtaí a chistíonn acmhainní poiblí agus bearta ardleibhéil an chomhthéacs agus táscairí tionchair a bhaineann leis na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí seo. Cuimsítear in IMA 2020 freisin eolas faoi fheidhmíocht a bhaineann leis an Tionscnamh Buiséadta Comhionannais agus sonraí faoi chaiteachas a bhaineann leis an aeráid i measc Ranna Rialtais.

Rinneadh na príomhthionscnaimh seo a leanas a thabhairt chun cinn:

- **Athchóiriú Buiséadach:** Chomhfhoilsigh an Roinn, i dteannta na Roinne Airgeadais, Ráiteas Eacnamaíochta an tSamhraidh 2019 i Meitheamh. Leagtar amach ann na mórpharaiméadair le haghaidh fás maicreacnamaíoch agus fioscach agus srianta le linn an mheántéarma agus d'éascaigh sé plé maidir le roghanna agus tosaíochtaí fioscacha roimh Bhuiséad agus Meastacháin Dheireadh Fómhair. Sa mhí chéanna, rinne an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, an tIdirphlé Eacnamaíochta Náisiúnta a eagrú i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Tá an tIdirphlé ar siúl le cúig bliana anuas agus tugann sé an deis do pháirtithe leasmhara éagsúla teacht le chéile chun dearcthaí a mhalartú go hoscailte agus go hionchuimsitheach ar na tosaíochtaí sóisialta agus geilleagracha a bhfuil an Rialtas le déileáil leo i gcomhthéacs paraiméadair mhaicreacnamaíocha agus fhioscacha. Ba é téama an imeachta don bhliain 2019 '*Cur leis an Dul chun Cinn i dTráth Athraithe*'. I measc na n-ábhar a pléadh, bhí ábhair ar nós borradh inbhuanaithe geilleagrach, poist amach anseo, soláthar tithíochta agus gníomhú ar son na haeráide. Tá na páipéir a chuir an Roinn le chéile chun na seisiúin seo a threorú ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhuiséid.

- Mar chuid den phróiseas buiséadach bliana iomláine, foilsíodh Tuarascáil Chaiteachais Lárbhliana 2019 (TCLB) in Iúil. Leagadh amach ann an seasamh tosaigh agus na paraiméadair ardleibhéil don Bhuiséad a bhí ag teacht aníos agus sonraí faoi ollmhéideanna caiteachais measta vótáilte ar bhonn comhiomlán agus Aire i gcaitheamh tréimhse trí bliana. Leagadh amach i mbliana sa TCLB dhá straitéis fhéideartha caiteachais, bhí ceann amháin bunaithe ar chás Brexit gan chomhaontú agus bhí an ceann eile bunaithe ar Brexit ordúil.

- In 2017, chuir an Roinn tús leis an gcéad cheann de shraith d'Athbhreithnithe rollacha roghnaitheacha Caiteachais, ina gcuimsítear caiteachas uile an Rialtais i gcaitheamh tréimhse trí bliana go dtí 2019. Foilsíodh thart ar 81 páipéar go dtí seo. Cuirfear tús in 2020 le babhta nua trí bliana d'Athbhreithnithe Caiteachais, leanfar leis an bpróiseas ina ndéanfar measúnú criticiúil ar chláir chaiteachais ar bhonn rollach, fianaise a shuíomh i

gceartlár an cheaptha beartais agus eolas a chur ar fáil don phlé faoi Mheastacháin le Ranna.

- Lean obair ar aghaidh in 2019 chun **an Tionscnamh Buiséadta Feidhmíochta** a leabú níos mó maidir le leithdháileadh acmhainní agus cinnteoireacht. Sa chomhthéacs sin, foilsíodh tríú Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí i mBealtaine. Tá mar chuspóir ag an tuarascáil seo chun barr feabhais a chur ar an díriú ar fheidhmíocht agus ar sholáthar trí tháscairí feidhmíochta cainníochtúla ábhartha a sholáthar i gcáipéis thiomnaithe dhírithe. Sular foilsíodh an tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe (an IMA) i mí na Nollag, tugadh faoi athbhreithniú ar tháscairí feidhmíochta le gach Roinn Rialtais. Rinneadh tuairisciú freisin i dTuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí ar dhul chun cinn ar an gclár píolótach de **Bhuiséadú Comhionannais**, a rinneadh a fhairsingiú in 2019. Leagadh ceithre sprioc ardleibhéil déag amach do Chéim 2, agus bhí naoi Roinn Rialtais rannpháirteach go gníomhach sa Chéim dá bharr. Tugann obair na Roinne sa limistéar seo aird ar an gceanglas maidir le Dualgas na Seirbhíse Poiblí a leagtar amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

- D'fhostaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an ECFE chun tabhairt faoi Scanadh ar Bhuiséadú Comhionannais in Éirinn. Foilsíodh é ar lá an bhuiséid agus tugadh cuntas sa tuarascáil ar phríomh-mholtaí chun beartas Buiséadta Comhionannais a chur chun cinn. Cuireadh tús leis na moltaí seo a chur i bhfeidhm go déanach in 2019. Tacaíonn cruinnithe rialta an tSainghrúpa Chomhairligh um Buiséadú Comhionannais leis an obair a rinneadh maidir le Buiséadú Comhionannais freisin.

## 1.2. Caiteachas Vótáilte a Bhainistiú

Údaraíonn an Dáil cistiú gach bliain do sheirbhísí agus gníomhaíochtaí an Rialtais i mbloic chaiteachais ar a dtugtar Vótaí. Limistéar ar leith de chaiteachas rialtais é Vóta, a bhfuil Roinn nó Oifig Rialtais amháin freagrach as. Déanann an Roinn monatóireacht agus bainistiú ar chaiteachas de réir Vótaí aonair, anuas ar anailís agus bainistiú ar chaiteachas poiblí ar leibhéal comhiomlán.

Rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe monatóireacht ar chaiteachas de réir Ranna in aghaidh próifílí míosúla caiteachais a foilsíodh ag tús na bliana. Foilsítear na figiúirí caiteachais seo ar bhonn míosúil sa Mhonatóir Fioscach, ina bhfuil príomhfhigiúirí ioncaim a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais. Ar an iomlán, rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas reatha beagán de bhreis ar €60 billiún i Ranna in 2019, arb ionann sin agus méadú bliain ar bhliain beagnach €3 billiún nó 5.2% aníos ó thoradh 2018. Rinne an Roinn an méid seo a leanas freisin: scrúdú agus measúnú ar thograí a rinne Ranna agus Gníomhaireachtaí ar bhonn luach ar airgead agus um beartú tosaíochta acmhainní; chuir sí comhairle ar fáil faoi cibé acu ar cheart nó nár cheart na tograí a cheadú; agus rinne sí athbhreithniú ar agus comhairle a chur ar fáil faoi bheartas agus feidhmíocht comhlachtaí Stáit.

Níor sháraigh fiche a cúig de chaiteachas bainistithe na 42 Vóta laistigh de na bun-leithdháiltí vótáilte don bhliain 2019, agus theastaigh Meastacháin Fhorlíontacha ó na 17 gcinn eile i mí na Nollag. Astu seo, ba Mheastacháin Fhorlíontacha theicniúla 4 cinn. I measc rudaí eile, soláthraíodh sna Meastacháin Fhorlíontacha shubstainteacha in 2019 caiteachas breise chun Bónas na Nollag 100% a sholáthar d'fhaighteoirí Leasa Shóisialaigh agus don tSeirbhís Sláinte agus do Chóiríocht Iarrthóirí Tearmainn. Mar gheall ar choigilteas

i measc Ranna eile, bhí an caiteachas foriomlán don bhliain ar aon dul, den chuid ba mhó, leis an tsuim a leagtar amach i dTuarascáil Chaiteachais 2020.

Mar gheall ar chineál a róil, déanann an Roinn idirchaidreamh forleathan freisin le Ranna agus comhlachtaí poiblí eile maidir le réimse fairsing beartais earnála ar fud an Rialtais trína chéile.

——
3

## 1.3. Caiteachas Caipitiúil a Bhainistiú

Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas €7.2 billiún ag Ranna in 2019, arb ionann sin agus méadú bliain ar bhliain €1.2 billiún nó 20% ar infheistíocht chaipitil, aníos ó thoradh €6.0 billiún 2018 sa Chuntas Leithreasa, a léiríonn tiomantas an Rialtais do chaiteachas caipitiúil a mhéadú ar aon dul leis an bPlean Forbartha Náisiúnta.

Lorgaíonn Tionscadal Éireann 2040 - an Plean Forbartha Náisiúnta (an PFN) agus an Creat Pleanála Náisiúnta - a sheol an Rialtas in 2018 le hathchóiriú a dhéanamh ar an mbealach a phleanáil agus a sholáthraítear infheistíocht phoiblí chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach gheilleagrach, shóisialta agus chomhshaoil a bhaint amach. Áirítear leis infheistíocht €116 billiún thar thréimhse deich mbliana tríd an Státchiste agus cuideachtaí Leathstáit. Tá naisc iompair níos fearr á soláthar ag Tionscadal Éireann 2040, agus tá torthaí níos fearr sláinte agus comhshaoil á n-éascú aige agus tá aschur níos mó tithíochta á spreagadh aige cheana féin.

Cuirtear san áireamh i gcur i bhfeidhm an PFN na moltaí ó Mheasúnú ar Bhainistíochta Infheistíochta Poiblí 2017 (MBIP) an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (an CAI) a dheimhnigh go n-éiríonn le hÉirinn bainistíocht sách maith a dhéanamh ar a bonneagar poiblí, ar an iomlán, agus tugadh idir láidreachtaí agus laigí chun solais ann i gcóras bainistíochta infheistíochta na hÉireann a bhfuil breithniú le déanamh orthu.

Lean an t-aschur seo a leanas ag tacú le PI2040 a chur i bhfeidhm in 2019:

- Tógáil 2019 – Feidhmíocht agus Ionchais san Earnáil Tógála a fhoilsiú.
- Ionchais - Mórthionscadail Bhonneagair ar na Bacáin in Éirinn a fhoilsiú ina sonraítear eolas ardleibhéil faoi 50 ceann de na tionscadail is mó a chuirtear san áireamh i dTionscadal Éireann 2040.
- An chéad Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach dul chun cinn go dtí seo maidir le soláthar, anuas ar fhorbairtí beartais ar fud an chórais.
- Ocht dTuarascáil Réigiúnacha a fhoilsiú ina sonraítear soláthar agus pleananna infheistíochta faoi Thionscadal Éireann 2040.
- Cód Caiteachais Phoiblí nuashonraithe a fhoilsiú i ndiaidh próiseas comhairliúcháin fairsing chun an treoir reatha a neartú d'infheistíocht phoiblí chun an réadúlacht a chur in iúl níos fearr a bhíonn i gceist maidir le tionscadal a sholáthar agus díriú ar leith ar bhreithmheas airgeadais, meastachán ar chostas agus bainistíocht riosca.
- Uirlis léarscáilithe Mo Thionscadal Éireann ('Myprojectireland'), a fhoilsiú anuas ar Rianaire Infheistíochta nuashonraithe agus fairsingithe.
- Ionadaíocht á déanamh do Thionscadal Éireann 2040 ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Faoi mar a dtugtar cuntas air sa Phlean Forbartha Náisiúnta (an PFN), leanfaidh **Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí** (CPPanna) le bheith mar rogha soláthair atá ar fáil don Rialtas do thionscadail atá struchtúraithe go cuí a léiríonn luach ar airgead i gcomparáid le rogha soláthair traidisiúnta agus a shásaíonn na tástálacha daingne agus diana le haghaidh breithmheas tionscadail a bhaineann le gach tionscadal infheistíochta poiblí faoin gCód Caiteachais Phoiblí. Seachas tabhairt faoi chlár ar leith de thionscadail CPP, déantar cinntí faoi thabhairt faoi thionscadail bhreise trí CPP taken ar bhonn cás ar chás, bunaithe ar na fiúntais a bhaineann le CPP a úsáid i gcás gach tionscadal aonair i gcomparáid leis an rogha soláthair thraidisiúnta eile.

## 1.4. Seirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann

Is seirbhís chomhtháite agus tras-Rialtais í Seirbhís Mheastóireachta agus Eacnamaíochta Rialtas na hÉireann (SMERÉ) a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le beartas a cheapadh agus a chur i bhfeidhm níos fearr sa Státseirbhís trí anailís sonraí agus beartais a úsáid. Tá foireann SMERÉ ag oibriú laistigh de gach Roinn agus iad ag cur le saineolas iad siúd a dhéanann anailís ar bheartas agus beartas a cheapadh. Lean borradh ag teacht ar SMERÉ in 2019 aníos go dtí thart ar 200 eacnamaí/anailís beartais ar fud na Státseirbhíse.

Lean an Roinn in 2019 ag tacú le SMERÉ chun acmhainn a fhorbairt i gceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise sa Státseirbhís. B'éard a bhain leis seo ná sainearcaíocht lárnach - 31 Anailísí Beartais Céimí SMERÉ (leibhéal Oifigeach Riaracháin) agus earcaíodh 12 Eacnamaí/Anailísí Beartais (leibhéal Príomhoifigigh Chúnta) in 2019 - soghluaisteacht struchtúrach, intéirneachtaí samhraidh do mhic léinn, deiseanna spriocdhírithe foghlama agus forbartha, agus comhdhálacha agus imeachtaí eile a eagrú mar ardáin le haghaidh plé ar anailís agus an méid a bhaineann sé le beartas.

Rinneadh sraith foghlama agus forbartha SMERÉ a fhairsingiú freisin in 2019. Áiríodh leis seo oiliúint ar Anailís Costais is Tairbhe, Anailís Ilchritéar, Measúnacht Tionchair Rialála, agus cúrsaí i gcláir staitistiúla ríomhaire (*R* agus Stata). Ina theannta sin, d'éascaigh baill de SMERÉ modúl den Chlár do Chéimithe na Státseirbhíse: inar tugadh cuntas ar uirlisí déanta beartais atá bunaithe ar fhianaise do OCanna a earcaíodh le déanaí agus do Thríú Rúnaithe ó áiteanna ar fud na Státseirbhíse; a chuir oiliúint ar fáil ar Chásanna Gnó ar leibhéil tosaigh agus mheánacha araon; agus a rinne clár saincheaptha ionduchtúcháin a sholáthar do OCanna SMERÉ a earcaíodh le déanaí.

Chuir foireann SMERÉ ar fud na Ranna breis agus 50 páipéar le chéile in 2019, inar cuimsíodh ábhar éagsúla, sláinte, coimirce shóisialach, oideachas, athrú aeráide, cáin beartas, agus caiteachas caipitiúil ina measc, agus tá gach ceann díobh ar fáil ar láithreán gréasáin SMERÉ. Foilsíodh roinnt díobh seo mar chuid de Athbhreithniú Caiteachais 2019 agus Buiséad 2020.

Chun tacú le díospóireacht beartais agus ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise, d'eagraigh SMERÉ dhá chomhdháil in 2019 (Comhdháil Athbhreithniú Caiteachais SMERÉ agus Comhdháil Bhliantúil SMERÉ) agus d'óstáil sé roinnt seimineár. Anuas air sin, ghlac foireann SMERÉ ó áiteanna ar fud an líonra páirt i gcomhdhálacha seachtracha éagsúla, Ceardlann Gheilleagrach Bhaile Átha Cliath agus Comhdháil Mhargadh Saothair Institiúid Taighde Eacnamaíocht Nevin (NERI) ina measc.

Leanadh le Ciste Taighde SMERÉ in 2019 freisin, a bunaíodh chun tacú le hobair anailíseach maidir le saincheisteanna beartais trasrannacha. Leithdháileadh ciste 2019 chun tacú le dhá thionscadal nua chomhoibritheacha ina raibh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (an POS) páirteach, anuas ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) agus an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta (an RGFN).

Forbraíodh Straitéis Mheántéarma SMERÉ don tréimhse 2020-22 i rith an dara leath den bhliain 2019, a bhí curtha ar an eolas ag athbhreithniú a rinne an ECFE ar an tseirbhís agus comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara. Seoladh seo go luath in 2020.

## 1.5. Cuntasaíocht Rialtais

Is é an ról atá ag an Aonad Cuntasaíochta Rialtais (an ACR) ná forbairt a chur leis na beartais, na prionsabail agus leis na nósanna imeachta cuntasaíochta rialtais agus bainistíocht agus cuntasacht mhaith airgeadais a chur chun cinn agus a neartú ar fud Ranna agus Oifigí an Rialtais.

Rinne an ACR scrúdú ar aistriú ó chuntasaíocht airgid thirim go dtí cuntasaíocht fabhraithe a chur chun cinn do Ranna agus Oifigí an Rialtais Láir, agus aird ar chlár athchóirithe níos fairsinge, tabhairt isteach na Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais (SCBA) agus forbairtí ar leibhéal an AE ina measc a bhaineann le caighdeáin chuntasaíochta chomhchuibhithe a chur i bhfeidhm – Caighdeáin Eorpacha Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (CECEP).

Mar chuid den Chlár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach an Choimisiúin Eorpaigh (CTAS), thug an ECFE faoi mheasúnú ar Chreat Cuntasaíochta an Rialtais Láir agus shainaithin sé treochlár chun athchóirithe tuairiscithe a chur i bhfeidhm, aistriú chuig cuntasaíocht fabhraithe ina measc. I ndiaidh dul i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara, d'fhoilsigh an ECFE a tuarascáil Tuairisciú Airgeadais in Éirinn i Meitheamh, ina leagtar amach a phríomhthorthaí agus ina moltar cur chuige céimnithe cur i bhfeidhm.

Rinneadh na príomhthionscnaimh seo a leanas a thabhairt chun cinn:

- **Tuairisciú agus Cuntasaíocht Airgeadais Phoiblí a Nuachóiriú:** I nDeireadh Fómhair, thug an Rialtas faoi deara an réimse athchóirithe ar chóras tuairiscithe agus cuntasaíochta airgeadais na hÉireann a mhol an ECFE. Chomhaontaigh sé ar threochlár achoimreach chun iad a chur i bhfeidhm i rith 2019 agus i mblianta ina dhiaidh sin, agus an gá á thabhairt faoi deara atá le cur chuige comhoibritheach chun an saineolas faoi bhainistíocht airgeadais a chur san áireamh atá ann cheana féin ar fud an Rialtais láir.

- **An Cód Caiteachais Phoiblí:** Is éard atá sa Chód Caiteachais Phoiblí ná tacar rialacha, nósanna imeachta agus treoir chun Luach ar Airgead a chinntiú i gcaiteachas poiblí i Seirbhís Poiblí na hÉireann. In Iúil 2019, d'fhoilsigh an ACR Ciorclán 18/2019 a leasaigh Tagairtí Teicniúla Lárnacha agus Paraiméadair Bhreithmheasa Eacnamaíochta an Chóid Chaiteachais Phoiblí. Foilsíodh ábhar treorach breise forlíontach i mí na Nollag. D'fhoilsigh an ACR Ciorclán 24/2019 i Nollaig freisin, a nuashonraigh an Cód Caiteachais Phoiblí, i measc rudaí eile, faoi mar a bhaineann sé le caiteachas caipitiúil agus nuashonraigh sé an treoir maidir le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí.

# 2 Brexit agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

## 2.1. Brexit

Tá Aonad tiomnaithe Brexit/AE freagrach as Brexit, saincheisteanna AE agus eile idirnáisiúnta ar fud na Roinne a chomhordú agus a mhaoirsiú agus as cur leis an bhfreagairt uile-Rialtais do Brexit.

Lean an tAonad i gcaitheamh 2019 ag dul i ngleic leis na saincheisteanna a tháinig chun solais mar thoradh ar reifreann 2016 an RA maidir le ballraíocht den AE, a thionchar san áireamh ar chaidreamh na hÉireann amach anseo leis an AE agus an RA araon, agus le Tuaisceart Éireann, ach go háirithe. Áiríodh leis an obair seo ullmhúcháin na Roinne do Brexit i ngach cás a chomhordú, ar aon dul le Plean Gníomhaíochta Teagmhais an Rialtais, i limistéir ar nós soláthar poiblí, cláir AE agus na riachtanas bonneagair ag calafoirt agus aerfoirt. Ullmhaíodh Buiséad 2020 ar bhonn Brexit gan chomhaontú agus cuireadh bearta sonracha san áireamh a bhí dírithe ar leanúint lenár bhfreagairt leanúnach agus áirítear leo chuimsitheach do thionchar Brexit ar fud an Rialtais.

Thacaigh an Roinn leis an Aire mar bhall den Choiste Comh-Aireachta Gnóthaí Brexit, Eachtracha agus Eorpacha.

## 2.2. Ceisteanna AE

I mbliain inar bunaíodh Parlaimint na hEorpa agus Coimisiún Eorpach nua agus inar tháinig tosaíochtaí nua chun solais ar leibhéal AE, chuir an Roinn le beartas a bhain leis AE a fhorbairt ar fud an Rialtais, trí obair an Ghrúpa Idir-Roinne ar an AE agus Brexit agus ghrúpaí gaolmhara idir-rannacha ina measc. Déanann Aonad Brexit/an AE saincheisteanna an AE a chomhordú, a bhfuil an Roinn freagrach astu, anuas ar thacú le hobair Rannán eile, trí attaché agus foireann tacaíochta atá bunaithe i mBuanionadaíocht na hÉireann chuig an AE sa Bhruiséil. Tá i measc na saincheisteanna seo soláthar poiblí, Ríomhsheirbhísí Rialtais, beartas Comhtháthaithe, airgeadas aeráide, Rialacháin Foirne an AE, faisnéis na hEarnála Poiblí agus sceithireacht.

## 2.3. Comhoibriú Thuaidh-Theas

Cé nárbh fhéidir cruinnithe earnála na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (an CATT) a chur ar siúl a bhaineann le Comhlacht na gClár Speisialta AE in 2019 mar gheall nach raibh Feidhmeannacht ann i dTuaisceart Éireann, lean an Roinn ag tacú le hobair maidir le comhoibriú Thuaidh-Theas a rinneadh faoi choimirce an CATT agus Comhlachtaí um Chur chun Feidhme (CCFTTanna). D'oibrigh an Roinn, ach go háirithe, le contrapháirteanna i Roinn Airgeadais Thuaisceart Éireann maidir le saincheisteanna rialachais airgeadais a bhain leis na Comhlachtaí um Chur chun Feidhme Thuaidh-Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus rinne siad chomhaontú ar theimpléad nua de Mheabhrán Airgeadais in 2019.

## 2.4. Cláir Chistí Struchtúracha an AE

D'éirigh le Éirinn chun luach €1.2 billiún de Chistí Struchtúracha AE a fháil don tréimhse 2014-2020. As seo, tá €411 milliún de curtha ar leataobh le haghaidh clár a chomhchistíonn

Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), as a bhfuil freagracht fhoriomlán uirthi. Leithdháiltear €610 milliún ar Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus an Tionscnamh Fostaíochta don Ógra (TFÓ) faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tiomnaítear €169 milliún sa bhreis do naoi gClár Eorpacha um Chomhar Críochach (ECC), agus i measc na gceann is suntasaí, tá an dá Chlár Thuaidh-Theas (PEACE IV agus INTERREG IVA).

D'oibrigh an Roinn go dlúth in 2019 le hÚdaráis Bhainistithe CFRE chun spriocdháta N+3 na hÉireann, an 31 Nollaig 2019, a bhaint amach, a chinntíonn nach ndéantar cistiú CFRE an AE a shaoradh. B'ionann fáltais CFRE don bhliain 2019 agus €24.5 milliún.

Leagtar amach thíos sonraí faoi roinnt de na príomhthionscnaimh a rinne dul chun cinn i rith 2019:

- **Cláir Thuaidh-Theas:** D'oibrigh an Roinn go dlúth leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) chun maoirseacht a dhéanamh ar Chláir trasteorann PEACE agus INTERREG 2014-2020. Cuireann an AE 85% den chistiú ar fáil do na cláir seo trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus tá luach iomlán €553 milliún orthu. Faoi dheireadh 2019, bhí tiomnú iomlán faighte don dá chlár, agus bhí tacaíocht á tabhairt do 128 tionscadal. Chuir an Roinn tús freisin le pleanáil do chlár nua PEACE PLUS a bheartaigh an AE mar chlár a thiocfaidh in ionad PEACE agus INTERREG don tréimhse 2021-2027, ag oibriú go dlúth le FCSAE agus an Roinn Airgeadais, Tuaisceart Éireann.

- **Comhar Críochach Eorpach:** Anuas ar na Cláir Thuaidh-Theas, comhpháirtí í Éire freisin i gclár INTERREG na hÉireann-na Breataine Bige (a bhfuil luach iomlán nach mór €100 milliún air i rith thréimhse chláir 2014-2020), anuas ar roinnt cláir thrasnáisiúnta, Cláir Cheantar an Atlantaigh, Iarthuaisceart na hEorpa, agus an Fhorimill Thuaidh agus Artacha ina measc. Tá an Roinn ag tabhairt faoin bpróiseas pleanála faoi láthair do gach ceann de na trí chlár thrasnáisiúnta don tréimhse chláir 2021-2027.

- **Údarás Iniúchóireachta CFRE:** Ina cháil mar an tÚdarás Ainmnithe in Éirinn don tréimhse chlárthréimhse 2014-2020, chríochnaigh an tAonad an t-iniúchadh ar Chuntais 2017/18 agus d'eascair tuairim gan choinníoll as. Cuireadh seo faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh sa mhullach ar Thuarascáil Bhliantúil ar Rialú an Údaráis i bhFeabhra 2019. Mar chuid den athbhreithniú ar Chuntais 2018/19, chríochnaigh an tÚdarás 30 iniúchadh ar oibríochtaí agus thug sé faoi 16 iniúchadh ar chórais i measc an dá Chláir Réigiúnaigh. Seoladh an Tuarascáil Bhliantúil ar Rialú agus an tuairim gan choinníoll faoi na cuntais ar aghaidh i bhFeabhra 2020.

- Chuir an Roinn **an Coiste Faireacháin um an gComhaontú Comhpháirtíochta** (CFCC) ar siúl i mí na Nollag do pháirtithe leasmhara agus don Choimisiún. Déanann seo faireachán ar dhul chun cinn ar a chur i bhfeidhm na gcuspóirí straitéiseacha a shainaithnítear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta; agus cuireann sé nuashonruithe ar fáil ar shaincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm.

- Chuir an Roinn tús le rannpháirtíocht fhoirmiúil maidir le **Comhaontú Comhpháirtíochta 2021-2027** agus **Cláir Oibríochtúla CFRE** a fhorbairt i rith 2019. Thionóil sí Cruinniú Forléargais Straitéisigh Forbartha Cláir (Faire na fáistine), ar fóram ardleibhéil é ina ndéantar plé ar na chéad chéimeanna eile/na hamlínte le haghaidh dul chun cinn i mBealtaine 2019. Thug an Roinn freisin faoi athbhreithniú ar struchtúir chláir don chéad bhabhta eile de chistiú. Cuireadh tús le soláthar d'Anailís ar Riachtanais don chéad bhabhta eile de chláir i Ráithe 4 2019.

## 2.5. Beartas Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na Eorpa (CSIE)

Tá idirbheartaíocht a tosaíodh in 2018 ar an gcéad bhabhta de Chistí Struchtúracha beagnach críochnaithe anois. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo nuair a d'fhoilsigh an Coimisiún an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (an CAIB) an 2 Bealtaine 2018. Foilsíodh pacáiste Reachtaíochta a Bheartais Chomhtháthaithe ina dhiaidh sin an 29 Bealtaine, anuas ar leithdháiltí tosaigh táscacha de thacaíocht chiste struchtúraigh agus chomhtháthaithe do gach ballstát. Measadh gurbh ionann leithdháileadh na hÉireann agus €1.088 billiún ag an am ach ní dheimhneofar a leithdháileadh deiridh, agus an dáileadh i measc na gCistí éagsúla, go dtí go dtabharfar an idirbheartaíocht ar an CAIB chun críche (ach tá súil leis, áfach, go mbeidh sé níos ísle ná an méid sin, i ndeireadh na dála). I dturas an ama, comhaontaíodh ar sheasamh na Comhairle maidir leis an bpacáiste foriomlán agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag idirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa ag féachaint leo seo a chur i gcrích sula dtosóidh an chéad tréimhse chláir eile.

# 3 Pá, Pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch na Seirbhíse Poiblí

## 3.1. Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020

Bhuntacaigh na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2013 (BAÉLP) le laghduithe pá agus pinsin na seirbhíse poiblí ó 2009 ar aghaidh. I dteannta a chéile, ghlac an coigilteas a chruthaigh na bearta seo páirt ríthábhachtach i gcobhsú an airgeadais phoiblí.

Rinneadh idirbheartaíocht ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (an CCSP) 2018-2020 chun díscaoileadh breise inbhuanaithe na mbeart seo a sholáthar, ar próiseas é ar cuireadh tús leis faoi BAÉLP 2015. Leanadh ar aghaidh leis an gcomhaontú, a fheidhmíonn go fóill mar an gcreat caidrimh thionsclaíoch don tSeirbhís Phoiblí go dtí deireadh 2020, in 2019 chun sochair a sholáthar do ghrúpaí ioncaim éagsúla idir 2-2.5% ar an meán, trí mheascán d’athchóiriú ar an Asbhaint a bhaineann le Pinsean agus ar mhéaduithe pá. Mar thoradh air sin, tá díscaoileadh céimnithe na nAchtanna BAÉLP 2009-2013 beagnach críochnaithe.

Baineadh tiontú na hAsbhainte a bhaineann le Pinsean ó bheart éigeandála sealadach go Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise bhuan amach freisin, i ndiaidh sruth cistithe beagán de bhreis ar €650 milliún a fháil in 2019 chun cabhrú le híoc as costais phinsin seirbhíse poiblí.

Cuireadh tús leis an gcomhaontú a baineadh amach idir an Rialtas agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann a chur i bhfeidhm i measc na saincheisteanna eile maidir leis an scála tuarastail d’Iontrálaithe Nua i Márta 2019. Le himeacht ama, bronnfaidh seo meánsochar thart ar €3,300 ar bhreis agus 61,500 iontrálaí nua, anuas ar na croíshochair a sholáthraítear faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí. Rinneadh costas an chomhaontaithe seo a chéimniú lena chinntiú go bhfuil an riachtanas caiteachais bliana iomláine, a meastar gurb ionann é agus €200 milliún, inbhuanaithe i dtaobh cúrsaí fioscacha de.

Sholáthair an CCSP an tsolúbthacht chun dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla in 2019 ar bhonn cothrom agus inbhuanaithe, na saincheisteanna eile maidir leis an scála tuarastail d’iontrálaithe nua, deacrachtaí earcaíochta agus coinneála sa tSeirbhís Phoiblí, agus saincheisteanna caidrimh thionsclaíoch san Earnáil Sláinte ina measc.

## 3.2. An Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí (an CPSP)

Bunaíodh an Coimisiún um Pá na Seirbhíse Poiblí in 2016 chun comhairle a chur ar an Rialtas ar bheartas luach saothair seirbhíse poiblí agus tá ceithre thuarascáil, ar an iomlán, curtha ar fáil aige. Ba é sainordú tosaigh an Choimisiúin chun tuairisciú a dhéanamh ar conas ba cheart do dhíschaoileadh reachtaíocht na mBeart Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (BAÉLP) 2009 go 2013 leanúint ar aghaidh. Pléadh seo i gcéad tuarascáil an Choimisiúin, a foilsíodh i mBealtaine 2017.

Ina dhiaidh seo, d'eisigh an tAire Téarmaí Tagartha breise, a d'iarr ar an gCoimisiún a dheimhniú cibé acu an ann nó nach ann do dheacracht agus cé chomh mór atá an deacracht sin i dtaobh earcaíochta agus coinneála i gcás grúpaí/gráid/earnálacha ar leith den tSeirbhís Phoiblí. Ghlac sé le cur chuige modúlach, agus rinne sé tuairisciú i Lúnasa 2018 ar shaincheisteanna a bhaineann le hAltranas agus Cnáimhseachas, Dochtúirí Ospidéil nach Comhairleoirí iad agus Comhairleoirí Ospidéil. D'fhoilsigh sé a thríú tuarascáil i mBealtaine 2019 a bhain leis na Fórsaí Cosanta agus ghlac an Rialtas agus na hionadaithe foirne ábhartha lena thograí. Foilsíodh a thuarascáil deiridh i nDeireadh Fómhair 2019, an tráth a thug sé a chlár oibre chun críche agus an tráth a d'éag a shainordú. Rinneadh anailís ardleibhéil sa tuarascáil seo ar na gráid agus na speisialtachtaí eile a tugadh chun solais ina thuarascáil a foilsíodh i mBealtaine 2017 mar gheall gur léir go raibh deacrachtaí earcaíochta agus coinneála acu. Áirítear leo seo sainghráid sa tseirbhís phoiblí, poist shinsearacha agus gráid ghairmithe áirithe sláinte seirbhíse poiblí.

## 3.3. Caidreamh Tionsclaíoch

### Caidreamh Tionsclaíoch a Bhainistiú

D'oibrigh an Roinn go dian i rith 2019 chun dúshláin shuntasacha caidrimh thionsclaíoch a bhainistiú. Thit díospóidí suntasacha amach sa tSeirbhís Sláinte ina raibh Altraí agus Cnáimhseacha páirteach i Ráithe 1 2019 agus Gráid Tacaíochta Sláinte i Ráithe 3. Bhí an Roinn páirteach go gníomhach sa phróiseas réitigh díospóide don dá dhíospóid seo, agus chuir sí le réitigh chruthaitheacha a fhorbairt laistigh de chreat an CCSP. Rinne na réitigh seo:

- saoránaigh a chosaint a bhraitheann ar sheirbhísí poiblí ríthábhachtacha;
- cothromaíocht a bhaint amach idir buarthaí na bhfostaithe, an fhostóra agus an cháiníocóra; agus
- an tionchar a imrítear le himeacht ama a chéimniú agus an costas ar an Státchiste a íoslaghdú.

Tá Moladh na Cúirte Oibreachais um Altranas agus Cnáimhseachas bunaithe ar chonradh nua a sholáthróidh táirgiúlacht bhreise agus a thacóidh le Sláintecare a thabhairt isteach.

### Clár Caidrimh Thionsclaíoch na Státseirbhíse do Chéimithe

Dearadh tionscnamh nua, Clár Caidrimh Thionsclaíoch na Státseirbhíse do Chéimithe, chun tacú le Feidhmeannaigh CT a fhorbairt a bhfuil na scileanna agus an t-eolas acu a theastaíonn chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chaidreamh tionsclaíoch i dtimpeallacht chasta agus éagsúil. Cuireadh tús leis i Márta 2019, lena chéad 6 rannpháirtí. Tá an clár ar siúl i rith dhá bhliain agus baineann trí shealaíocht taithí oibre leis a mhaireann 8 mí, a thugann taithí phraiticiúil do rannpháirtithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá ar rannpháirtithe freisin chun Dioplóma Gairmiúil saincheaptha a chríochnú i gCaidreamh Tionsclaíoch ar Leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (an CNC) a dearadh chun freastal ar riachtanais ar leith thimpeallacht CT na Státseirbhíse.

## 3.4. Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí

Oibríonn breis agus 350 fostóir seirbhíse poiblí ar fud na n-earnálacha go léir an Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair"), a tugadh isteach in 2013 do gach iontrálaí nua chuig an tSeirbhís Phoiblí. Aonad tiomnaithe é Tionscadal Riaracháin na Scéime Aonair (TRSA), a bunaíodh sa Roinn in 2016 chun scrúdú a dhéanamh ar na

roghanna chun an scéim a riar go fadtéarmach agus chun tacú le riarachán reatha na Scéime.

I rith 2019, lean an tAonad le clár fairsing oiliúna teicniúla a sholáthar do riarthóirí pinsin. Anuas ar na 5 mhodúl a forbraíodh roimhe seo, dearadh modúl nua Ceannaigh agus Aistrithe. Soláthraíodh gach ceann de na 6 mhodúl i gcaitheamh 30 seisiún ceardlann oiliúna. Ghlac 613 riarthóir pinsin, ar an iomlán, ó 191 fostóir seirbhíse poiblí páirt in 2019. Leanadh le hábhair thacaíochta, teimpléid, treoirlínte agus sraitheanna straitéisí, a chur ar fáil trí láithreán gréasáin tiomnaithe na Scéime Pinsin Aonair.

Cuireadh tús le Banc Sonraí na Scéime Aonair a thabhairt isteach i measc comhlachtaí seirbhíse poiblí i Ráithe 3 2019. I ndiaidh don Rialtas cinneadh a dhéanamh, bunaíodh an banc sonraí mar bheart eatramhach lena chinntiú go ndéantar sonraí ballraíochta do gach ball den Scéim ó 2013 ar aghaidh a choimeád i leith caighdeán coiteann ar feitheamh go ndéanfar cinneadh faoi riarachán fadtéarmach na Scéime Aonair.

Rinne an Roinn dul chun cinn suntasach freisin in 2019 ar bheartas a fhorbairt don Scéim Aonair. Tugadh rialacháin isteach a rinne saoráid “Ceannach agus Aistriú” a thabhairt isteach do bhaill den Scéim Aonair i Meitheamh 2019, agus críochnaíodh athbhreithniú ar ranníocaíocht fostóra na Scéime Aonair agus eisíodh treoir leasaithe maidir le beartas dílsithe.

## 3.5. Ceisteanna eile Pá agus Pinsean

### Socruithe Pá Tosaigh na Státseirbhíse

Comhaontaíodh ar shocruithe leasaithe pá idir taobhanna na nOifigeach agus na Foirne ag an Ollchomhairle in 2019. Rinne na socruithe, a tugadh isteach faoi Chiorclán 08/2019 an RCPA: Socruithe Leasaithe a bhaineann le Pá Tosaigh, an bealach a nuachóiriú agus a shimpliú a chaitear le státseirbhísigh reatha i dtaobh pá a shocrú nuair a thugtar ardú céime dóibh i ndiaidh comórtais theoranta nó nuair a cheaptar/a earcaítear iad i ndiaidh comórtais oscailte.

### Athbhreithniú Achtúireach ar Dhliteanais Pinsin Seirbhíse Poiblí

Thosaigh an Roinn in 2019 leis an gcéim bhailithe sonraí don athbhreithniú achtúireach tríbhliantúil ar phinsin seirbhíse poiblí. Ceanglaítear an t-athbhreithniú a dhéanamh, a bhfuiltear ag tabhairt faoi thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh, faoi Rialachán 549/2013 an AE agus críochnófar é in 2020.

B’éard a bhain leis an gcéim bhailithe sonraí ná sonraí faoi bhaill aonair a bhailiú agus a thiomsú ó áiteanna ar fud na Seirbhíse Poiblí, ina raibh thart ar 500,000 taifead duine aonair i gceist ó beagnach 300 comhlacht seirbhíse poiblí agus úsáidfear iad chun dliteanas fabhraithe na bpinsean gairme seirbhíse poiblí a luacháil a bhí in Éirinn amhail an 31 Nollaig 2018. Foilsíodh an luacháil roimhe sin in 2017 agus leagadh amach inti dliteanas fabhraithe pinsin seirbhíse poiblí amhail an 31 Nollaig 2015.

### Clár Bainistíochta Pinsin Seirbhíse Poiblí

D’fhorbair an Rannán Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí an Clár Bainistíochta Pinsin Seirbhíse Poiblí i Ráithe 1 in 2019. Déanann an tionscnamh nuálach bainistíochta eolais agus pleanála comharbais seo leas a bhaint as saineolas inmheánach ar phinsin seirbhíse poiblí agus éascaíonn sé eolas a aistriú. Forbraíodh ábhair mhionsonraithe oiliúna laistigh den Rannán

chun buntacú leis an gCúrsa saincheaptha Teastais Leibhéal 6 seo ar an CNC i mBainistíocht Pinsin Seirbhíse Poiblí.

I rith 2019, chríochnaigh 35 rannpháirtí ón Rannán Pá agus Pinsean an Cúrsa Teastais, agus mhéadaigh seo an líon oifigigh roinne a bhfuil saineolas acu ar phinsin.

# 4 Athnuachan na Státseirbhíse

## 4.1. Plean Athnuachana na Státseirbhíse

Leagtar amach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse clár mór athraithe don Státseirbhís chomh maith le fís chun seirbhís den chéad scoth a sholáthar don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Bíonn an Oifig Bainistíochta Chlár (an OBC), atá lonnaithe sa Roinn, ag oibriú ar bheartas athchóirithe na Státseirbhíse a fhorbairt agus a chur i gcrích faoi bhun chlár Athnuachana na Státseirbhíse. Lean sé le cur i bhfeidhm gníomhartha sa phlean a chomhordú agus a chur chun cinn i rith 2019. Foilsíodh an ceathrú tuarascáil ar dhul chun cinn ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse i mBealtaine 2019 ina leagtar amach an t-ardleibhéal dul chun cinn a baineadh amach i ngach ceann de na gníomhartha sa phlean ó cuireadh i bhfeidhm é.

Lean obair forbartha ar aghaidh le heolas a chur ar fáil d'Fhís agus Straitéis nua a chuirfidh leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le hathchóiriú na Státseirbhíse, a shainaithneoidh roinnt tosaíochtaí nua agus a dhéanfar a ailíniú le Ár Seirbhís Phoiblí 2020, an creat le haghaidh fhorbairt agus nuálaíocht na seirbhíse poiblí. Bunaíodh tascfhórsa de státseirbhísigh shinsearacha chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt na Físe agus na Straitéise i mí na Nollag 2019. Tá súil leis go go mbeidh tréimhse phleanála níos faide ag an bhFís agus an Straitéis nua agus cuirfidh próiseas forleathan rannpháirteachais le páirtithe leasmhara próiseas eolas ar fáil dó.

Lean an OBC ag oibriú go dlúth le agus ag tacú le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (BBSS) a dhéanann maoirseacht ar Chlár Athnuachana na Státseirbhíse a sholáthar. Chas an BBSS le chéile sé huaire i gcaitheamh na bliana agus foilsítear a mhiontuairiscí ar Gov.ie. Ghlac foghrúpa den BBSS le príomhról freisin sa Straitéis Daoine don Státseirbhís.

Tugadh faoi na príomhthionscnaimh seo a leanas:

- **An Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fhostaithe na Státseirbhíse:** Lean an OBC ag cabhrú le Ranna agus Oifigí chun a bPleananna Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm mar fhreagairt do thorthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2017. Titfidh an tríú leagan den suirbhé amach i Ráithe 3 2020.

- **Na Gradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta sa Státseirbhís:** Bhronn an tAire Gradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta sa Státseirbhís 2019 ag searmanas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Samhain 2019. Aithníonn na gradaim an obair dhian a dhéanann státseirbhísigh agus déanann siad taispeántas de nuálaíochtaí i soláthar beartais agus seirbhíse ar fud na Státseirbhíse. Mheall próiseas gradam 2019 breis agus 90 ainmniúchán ó áiteanna ar fud na Státseirbhíse agus cuireadh 32 tionscadal ar an ngearrliosta, agus bhain 11 thionscadal gradam amach. Cuireadh comhoibriú leis an tSeirbhís Phoiblí san áireamh i roinnt catagóirí i mbliana, chun bealach níos cuimsithí chun oibriú a léiriú. Tá sonraí faoi na tionscadail a bhuaigh gradam ar fáil ar Gov.ie.

- **Athbhreithnithe ar Acmhainneacht Eagraíochta:** Leanadh leis an gclár athbhreithnithe ar acmhainneacht eagraíochta a chur i bhfeidhm i rith na bliana agus críochnaíodh athbhreithnithe don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

- **Todhchaí na hOibre sa Státseirbhís in Éirinn a Mhúnlú:** Chríochnaigh Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) tuarascáil ar thorthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2017. Dírítear sa tuarascáil dar teideal Todhchaí na hOibre sa Státseirbhís in Éirinn a Mhúnlú ar roinnt de na limistéir is dúshlánaí a thugtar chun solais sa suirbhé, an méid seo a leanas ina measc: Timpeallacht na Rannpháirtíochta; Aeráid Nuálach; Bainistíocht Feidhmíochta; Dearcadh an Phobail i leith na Státseirbhíse. Thit an anailís bhreise amach i measc réimse Ranna agus Oifigí i roinnt réigiún ar fud na tíre.

- **An Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (CTAS):** Seoladh iarratas ar aghaidh, ar éirigh leis, ar Chlár Tacaíochta Struchtúraí an AE maidir le hathbhreithniú cuimsitheach ar struchtúr eagraíochta Státseirbhís na hÉireann agus ar threochlár a fhorbairt le haghaidh claochlú eagraíochta. Beartaítear go dtosófar le hobair ar an tionscadal in 2020.

- **An tSuirbhé ar Shásamh Custaiméirí na Státseirbhíse:** Foilsíodh torthaí an tSuirbhé ar Shásamh Custaiméirí na Státseirbhíse 2019 i Samhain 2019. Thug an tuarascáil le fios go raibh 85% de na custaiméirí a ndearnadh suirbhé orthu sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil dóibh (aníos ó 83% in 2017 agus 76% in 2015) agus leis an toradh a bhí ar an teagmháil is déanaí a rinne siad leis an Státseirbhís (aníos ó 82% in 2017 agus 76% in 2015), agus tháinig laghdú ar mhíshásamh anuas ó 39% in 2009 go 20% in 2019. De bhreis air sin, thug 89% de chustaiméirí le fios go bhfuil leibhéil seirbhíse a fheabhas agus a mbíonn súil acu leo nó níos fearr ná mar a mbíonn súil acu leo, den chuid is mó, (aníos ó 87% in 2017 agus 83% in 2015), agus bhí 87% sásta leis an eolas a bhí ag an bhfoireann agus leis an gcabhair a thug siad. Tá feabhas tagtha freisin ar thuairimí an phobail faoi éifeachtúlacht, iontaoibh, neamhspleáchas agus comhionannas na Státseirbhíse ó 2017.

- **An Bonneagar Sonraí Náisiúnta (an BSN):** Rinneadh dul chun cinn breise maidir leis an mBonneagar Sonraí Náisiúnta a fhorbairt in 2019. Déanann an Grúpa Seaimpíní, ar a ndéanann an Phríomh-Oifig Staidrimh (an POS) cathaoirleacht, le hionadaithe ó gach Roinn agus gníomhaireacht a bhfuil sonraí ardluacha acu, monatóireacht ar phríomhaitheantóirí agus chumhdach príomhaitheantóirí a chur chun cinn i measc sealúchais sonraí earnála poiblí a chur chun cinn. Tugtar achoimre i nDeais an BSN, a d'fhorbair an grúpa, ar an méid is airde de UPSPanna agus d'Éirchóid a chumhdach le haghaidh príomhshealúchais sonraí Ranna agus ghníomhaireachtaí Rialtais atá faoina gcoimirce agus aithnítear ann an áit a bhfuil deiseanna ar fáil le haghaidh cumhdach feabhsaithe an UPSP agus an Éirchóid i gcórais agus próisis riaracháin. Tacóidh na feabhsúcháin seo le tionscnaimh a bhaineann go sonrach le Comhlacht na Seirbhíse Poiblí sa chéad ásc agus tacóidh siad le tionscnamh níos fairsinge na roinnte sonraí faoi mar a bheartaítear san Acht um Roinnt agus Rialachas Sonraí. Beartaítear go ndéanfar an cur chuige seo a chur i bhfeidhm ar an Aitheantóir Gnó Uathúil (an AGU) in 2020.

- **Straitéisí/Cláir Eile:** Rinneadh dul chun cinn breise maidir le Clár Cumarsáide an Rialtais nuair a tugadh aitheantas Rialtas na hÉireann isteach agus nuair a aistríodh Ranna chuig Gov.ie, an tairseach le haghaidh seirbhísí agus eolas Rialtais. Chuathas i mbun beart freisin chun feabhas a chur ar an acmhainn bhainistíochta tionscadal sa Státseirbhís agus chun é a ailíniú le Gníomh 10 de Ár Seirbhís Phoiblí 2020 chun bainistíocht clár agus tionscadal a leabú. Chuir Líonra na mBainisteoirí Tionscadail ceithre imeacht ar siúl i rith na bliana. Tá an Líonra ar fáil anois don tseirbhís phoiblí níos fairsinge agus tá tairseach thiomnaithe nua ar fáil ar láithreán gréasáin ÁSPS 2020 atá inrochtana do chách, fostaithe sa tseirbhís phoiblí ina measc nach bhfuil ar Líonra an

Rialtais.  Lean OneLearning leis an gcúrsa bonnleibhéil i mbainistíocht tionscadal a sholáthar do státseirbhísigh agus chríochnaigh thart ar 1,680 oifigeach an cúrsa ó cuireadh tús leis go déanach in 2017.

- Lean clár leanúnach cumarsáide agus rannpháirtíochta don fhoireann ar aghaidh, nuachtlitreacha ina measc faoi Athnuachan na Státseirbhíse, cruinnithe i hallaí baile timpeall na tíre agus seisiúin faisnéise foirne do státseirbhísigh in 2019.  Cuireadh aitheantas nua chun athchóiriú agus nuálaíocht na Státseirbhíse agus athchóiriú na seirbhíse poiblí a chur in iúl níos fearr, a forbraíodh i rith 2019, i bhfeidhm go luath in 2020.

## 4.2. An Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020

Cuimsítear sa i gClár Athnuachana na Stáseirbhíse freisin an Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020, a forbraíodh chun an ceanglas Dualgas Seirbhíse Poiblí a leagtar amach in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chur san áireamh. Tacaíodh le cuspóirí na Straitéise trí roinnt príomhthionscnamh a chuir an Roinn i bhfeidhm faoi thrí thosaíocht straitéiseacha agus faoi thosaíocht chumasaithe amháin den Straitéis, faoi mar a leagtar amach thíos.

### 4.2.1. Bí i do Rogha Fostóra

Lean obair ar aghaidh chun an Státseirbhís a chur chun cinn mar Rogha Fostóra don fhoireann reatha agus d'earcaithe nua féideartha, tríd na tionscadail agus na limistéir oibre seo a leanas ina measc:

- Is é **Foghlaim agus Forbairt – OneLearning** Ionad Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse. Ó seoladh é i Meán Fómhair 2017, cuireadh oiliúint ar bhreis agus 27,500 duine de lucht freastail in 44 comhlacht Státseirbhíse in 25 contae. Thit breis agus 1,100 seisiún cúrsa amach in 2019 agus d'fhreastail breis agus 12,500 duine.

  Cuireadh an Córas Bainistíochta Foghlama (an CBF) chun feidhme i mBealtaine 2019 i 7 gComhlacht Státseirbhíse agus cuireadh chun feidhme é sna comhlachtaí eile go léir i nDeireadh Fómhair 2019. Cuireann sé ar chumas tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíocht foghlama agus forbartha agus ar rannpháirtíocht i agus caitheamh ar cúrsaí OneLearning ar fud na Státseirbhíse. Tá 67 cúrsa ar fáil faoi láthair, agus tá 8,000 ball foirne cláraithe i seisiúin chúrsa agus tá 9,000 ball i ndiaidh spéis a chláraithe i gcúrsaí éagsúla. Chuir sé borradh faoin bhfáil atá ar chúrsaí rollaithe oscailte, foghlaim roinnte tacaíochta, comhoibriú agus líonrú i measc na gcomhlachtaí státseirbhíse go léir. Cuirfidh sé ar chumas foghlaim dhigiteach freisin (ríomhfhoghlaim, seimineáir ghréasáin, físeáin etc.) agus Clár Scileanna Státseirbhíse a chur i bhfeidhm amach anseo.

- **Forbairt Céimithe:** Ghlac 208 earcaí ar leibhéal Oifigeach Riaracháin (OR) agus Tríú Rúnaí páirt i gClár Forbartha Céimithe sa Státseirbhís Céimí i rith 2019. Cuireann an clár naoi mí idirghníomhach forbartha ar an láthair oibre seo deiseanna foghlama ar fáil maidir le réimse ábhar: stíleanna ceannaireachta; bainistíocht tionscadal; nuálaíocht agus réiteach faidhbe; cuntasaíocht Rialtais; ceapadh beartais fianaisebhunaithe; agus an próiseas reachtach. Bhí teacht ag rannpháirtithe cláir ar cheannairí sinsearacha státseirbhíse agus ar Líonra OCanna.

- Leanann **Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (SCFSS)** ag cur le héifeachtacht eagraíochta trí sholáthar réigiúnach seirbhísí a chuireann sláinte agus

folláine fostaithe chun cinn, agus a chothaíonn lucht saothair athléimneach. Úsáideann líon measta 14% de státseirbhísigh an tSeirbhís anois gach bliain, agus cuirtear eolas agus tacaíocht ar fáil dóibh ón SCFSS maidir le saincheisteanna éagsúla pearsanta agus/nó a bhaineann leis an obair. Tá an t-éileamh atá ar na seirbhísí seo ag dul i méid, agus tháinig méadú 20% orthu ó 2018 go 2019.

Príomhghníomhaíocht den SCFSS in 2019 a bhí sa Treoir do Bhainisteoirí Daoine don Státseirbhís a chur chun cinn, agus cuireadh breis agus 30 cur i láthair ar siúl do bhainisteoirí daoine, a d'aimsigh thart ar 540 spriocbhall foirne. Chomh maith leis sin, cuireadh breis agus 200 cur i láthair ar siúl go dtí seo i limistéar na folláine san ionad oibre don fhoireann ar fud na Státseirbhíse.

## 4.2.2. Lucht Saothair na Todhchaí a Thógáil

Díríodh go príomha i rith 2019 ar na córais a neartú atá i bhfeidhm ar fud na Státseirbhíse atá dírithe ar na daoine cearta a bheith ag an Státseirbhís a bhfuil na scileanna cearta acu san áit cheart ag an am ceart, an méid seo a leanas ina measc.

- **Pleanáil Straitéiseach an Lucht Saothair:** I gcomhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara, lean an Roinn le páirtithe leasmhara an lucht saothair atá níos dírithe a fhorbairt trí phleananna teimpléid, treoirlínte agus amlínte a dhearadh. Díríodh ní ba mhó freisin ar bhainistíocht sonraí agus forbairt inniúlachta, chun cabhrú le foirne Áitiúla Acmhainní Daonna chun oibriú lena ranna chun na líonta agus na scileanna a phleanáil a theastaíonn ón lucht saothair amach anseo.

- **Earcaíocht:** Shann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (an SCP) thart ar 6,400 duine thar ceann na Státseirbhíse. Mar chuid de chlár leanúnach chun sruthanna gairmiúla a chruthú agus chun na sainscileanna atá ar fáil a mhéadú, rinne an SCP Anailísithe Beartas Céimithe agus Eacnamaithe (36); Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) (TFC) (50); Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) (TFC) (40); Speisialtóirí Cumarsáide (17) agus Bainisteoirí Cuntas Iníoctha (CI) (Acmhainní Daonna) (18) anuas ar chroíscileanna Státseirbhíse a earcú. Seoladh an chéad scéim printíseachta TFC agus tugadh faoi athbhreithniú ar riachtanais cháilitheachta do chomórtais.

- Táthar ag tabhairt faoi **Scéim Luaineachta na Státseirbhíse**, ar cuireadh tús leis in 2015 i ndiaidh gur seoladh scéim do Phríomhoifigigh (POanna), thar roinnt céimeanna. Go dtí seo, fógraíodh 100 ról PO agus líonadh 58 post go dtí deireadh na Nollag 2019. Cuireadh soghluaisteacht d'Oifigigh Chléireachais agus Oifigigh Feidhmiúcháin chun feidhme go beo i Meán Fómhair 2018 agus chuir thart ar 5,150 ball foirne (25% de na gráid iomlána rannpháirteacha) isteach air agus d'aistrigh breis agus 500 ball foirne ag deireadh na Nollag 2019. Tá a cuid spriocanna á mbaint amach ag an gcéad chéim eile, maidir le gráid AOF, OC agus CI, chun go seolfar é in 2020.

- **Saineolas Gairmiúil a Neartú laistigh d'Fheidhmeanna Corparáideacha:** Lean obair ar aghaidh maidir le saineolas gairmiúil a neartú laistigh de na feidhmeanna Bainistíochta Acmhainní Daonna, Airgeadais agus TFC sa Státseirbhís. Díríodh go príomha ar Shamhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna a fhorbairt (féach na sonraí faoi mhír 5.2.4 thíos) agus tabhairt faoi athbhreithniú ar Chreat agus Caighdeáin Ghairm Bheatha Acmhainní Daonna. Faoi mar a luaitear thuas, críochnaíodh obair ar an gclár nua printíseachta TFC, a seoladh go luath in 2019. Maidir le cúrsaí Airgeadais, dréachtaíodh páipéar seasaimh ina bhfuil roinnt moltaí ar na chéad chéimeanna eile

chun an fheidhm Airgeadais a ghairmiúlú.   Is é an limistéar a ndíreofar air i dtosach ná Measúnú an ECFE ar an gCreat Cuntasaíochta.

## 4.2.3. Bainisteoirí a Fhorbairt, Tacú leo agus Luach a léiriú orthu mar Fhorbróirí Daoine

Lean obair ar aghaidh faoin Straitéis Daoine ar réimse tionscadal a chothaíonn cultúr ina léirítear luach ar rudaí agus ina bhforbraítear inniúlacht straitéiseach cheannaireachta, dea-bhainistíocht daoine ar gach leibhéal ina measc. Áirítear leo seo:

- **Ceannaireacht a Fhorbairt:** Soláthraíodh roinnt tionscnaimh shaincheaptha thacaíochta agus forbartha do na ceannairí státseirbhíse is sinsearaí, an méid seo a leanas ina measc:  Máistir-Ranganna; Cóitseáil Feidhmiúcháin do bhreis agus 40 ceannaire sinsearach; Cúig imeacht líonraithe sa tSeirbhís Phoiblí Shinsearach (SPS) a dhírigh ar chroídhúshláin atá roimh an Státseirbhís agus a ceannairí: Meantóireacht do Rúnaithe Cúnta a ceapadh le déanaí; agus bainistiú an phróisis Luaineachta Rúnaí Chúnta maidir le 18 bpost. Tosaíodh athbhreithniú ar chlár píolótach Cóitseála na Foirne Bainistíochta, ina raibh trí Roinn páirteach, go déanach in 2019.

  Anuas air sin, lean obair ar aghaidh chun na ceannairí sinsearacha státseirbhíse sa phíblíne amach anseo a neartú.  Chríochnaigh 61 rannpháirtí an dara leagan de na Cláir Forbartha Tallainne sa tSeirbhís Phoiblí Shinsearach agus do POanna agus tugadh faoi mheastóireacht neamhspleách sheachtrach. Bhí torthaí na meastóireachta an-dearfach agus úsáidfear iad chun eolas a chur ar fáil chun cláir 2020 a dhearadh agus a sholáthar.

- **Bainisteoirí Daoine a Neartú:** Tá tionscadal tábhachtach á chur chun cinn ag an Roinn atá dírithe ar fheabhas a chur ar conas a bhainistímid ár ndaoine. Ag oibriú le saineolaithe Acmhainní Daonna ar fud an chórais, rinneadh dul chun cinn maith i rith 2019 ar ról an Bhainisteora Daoine a shainiú agus chun sraith méadrachta a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar bhainisteoirí sa ról sin.

  Faoi mar a luaitear thuas, príomhghníomhaíocht den SCFSS in 2019 a bhí sa Treoir do Bhainisteoirí Daoine don Státseirbhís a chur chun cinn. Lean an treoir seo (agus an feachtas oideachais a bhain leis) le tionchar dearfach a imirt i gcaitheamh 2019, fad a tugadh méaduithe faoi deara ar an úsáid a baineadh as an SCFSS i measc gráid AOF, CI agus PO.

- **Oiliúint do bhainisteoirí:** Cuireadh 187 cúrsa ar siúl ó phortfóilió OneLearning de chúrsaí Obair Bhuíne agus Bainistíochta Daoine do bhainisteoirí daoine ar fud na státseirbhíse in 2019. Ar an iomlán, d'fhreastail 3,833 bainisteoir daoine ar an oiliúint seo ó tosaíodh na cúrsaí ag deireadh 2017.

- **Freagracht a chur ar bhainisteoirí:** Chun na socruithe chun feidhmíocht a bhainistiú sa Státseirbhís a fheabhsú agus a shimpliú, chuir an Roinn an Bille um Rialáil na Státseirbhíse (Leasú) chun cinn. Cumasóidh é seo feidhmeanna bainistíochta a chur ar bhainisteoirí ar leibhéil éagsúla ar fud na Státseirbhíse.

- **Sonraí níos fearr do bhainisteoirí:** I rith 2019, d'fhorbair an Roinn togra do shraith méadrachta chun tacú le bainisteoirí chun a bhfoireann a bhainistiú.

### 4.2.4. Acmhainní Daonna a Shuíomh mar Ábhar Straitéiseach um Chur chun Cinn

Tá obair ar siúl ar roinnt tionscadal lena chinntiú go ndéantar Acmhainní Daonna sa Státseirbhís a oiriúnú agus go bhfreagraíonn sé do na héilimh atá ag teacht chun cinn ón ngnó agus go dtugann sé aghaidh ar na trí thosaíocht straitéiseacha de chuid na Straitéise Daoine.

- Tugadh faoi athbhreithniú seachtrach in 2019 a chistigh Coimisiún an AE, dar teideal an tAthbhreithniú ar an tSamhail Oibriúcháin Acmhainní Daonna (SOAD). Thug an t-athbhreithniú le fios go dteastaíonn athruithe radacacha ar an mbealach a oibrítear Acmhainní Daonna sa Státseirbhís le luach ar airgead a chinntiú agus chun tallann agus feidhmíocht an lucht saothair a uasmhéadú. Leagtar amach in Athbhreithniú an SOAD sé mholadh ardleibhéil le haghaidh Acmhainní Daonna mar an mbonn leis an gcéad chéim eile den tionscadal, ina ndéanfar na moltaí seo a dhearadh go mionsonraithe, a thástáil agus a chur i bhfeidhm trí chlár píolótach cruthúnas coincheapa a chuirfear ar siúl i dtrí Roinn in 2020.

- **Anailísíocht Acmhainní Daonna:** Rinne an Roinn infheistíocht shuntasach chun a chéad sraith **Anailísíocht Acmhainní Daonna** riamh a fhorbairt don státseirbhís chun tacú le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe in Acmhainní Daonna. Úsáidfear na sonraí seo mar bhonnlíne chun tairbhí agus tionchair na Straitéise Daoine a thomhas faoi láthair agus amach anseo. Tosaíodh obair bhreise freisin chun sraith anailísíochta a fhorbairt chun tacú le hAcmhainní Daonna ar leibhéal eagraíochta.

- **Beartais Acmhainní Daonna:** Bhí Beartais Nua a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar sheirbhísí Acmhainní Daonna á bhforbairt i rith 2019, agus rinneadh dul chun cinn suntasach i limistéar na bainistíochta freastail, an méid seo a leanas ina measc: Bainistiú an Bheartais Freastail; Treoir d'Fhostóirí maidir le Freastal Réasúnta; Treoirlínte maidir le Promhadh; agus Treoir maidir le Dul ar Scor de bharr Drochshláinte.

## 4.3. Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo athruithe ar scéim Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm, faoi mar a mhol an Chúirt Oibreachais. Áiríodh leis na hathruithe seo:

- Bunráta 37.5% den Luach Saothair Athshlánaithe Shealadaigh (LSAS) a chur i bhfeidhm agus samhail bhreisithe ar fáil ar feadh tréimhse cúig bliana dóibh siúd a bhféadfadh go raibh ráta níos airde den LSAS á íoc leo roimhe seo.
- Tréimhse feithimh 3 lá sula gcuirtear LSAS i bhfeidhm faoi chúinsí ina bhfuil na teorainneacha pá iomláin agus leathphá ídithe; agus
- Tá an tsaoire bhreoiteachta íoctha go léir, LSAS ina measc, le cur san áireamh sa phróiseas aisamhairc a dtugtar faoi chun rochtain amach anseo a dheimhniú ar shaoire bhreoiteachta íoctha.

Tá a gcuid spriocanna á mbaint amach ag na moltaí seo chun go gcuirfear i bhfeidhm iad in 2020 agus beartaítear go ndéanfaidh siad an scéim a shimpliú agus go méadóidh siad éifeachtúlacht agus comhionannas rochtana ar an scéim ar fud na Seirbhíse Poiblí.

# 5 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

## 5.1. Ár Seirbhíse Phoiblí 2020

Cuireadh Ár Seirbhís Phoiblí 2020, an creat le haghaidh fhorbairt agus nuálaíocht na seirbhíse poiblí, i bhfeidhm go hoibríochtúil in 2018 agus forbraíodh é chun an ceanglas Dualgas Seirbhíse Poiblí a chur san áireamh a leagtar amach in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá 18 ngníomh ann faoi na trí cholún seo a leanas:

- Soláthar a dhéanamh dár bPobal;
- Nuálú dár dTodhchaí; agus
- Ár nDaoine agus ár nEagraíochtaí a Fhorbairt.

Chomh maith le nuálaíocht agus oibriú go comhoibritheach ar fud an Rialtais iomláin, leagtar béim sa chreat ar an tábhacht a bhaineann le soláthar digiteach agus sonraí a úsáid chun éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach. Tá béim láidir ann freisin ar eagraíochtaí agus daoine, agus tá gníomhartha ann i limistéir ar nós acmhainní daonna straitéiseacha, rannpháirtíocht fostaithe, bainistíocht feidhmíochta, agus cultúr agus luachanna, anuas ar dhíriú níos mó ar fhíorathrú agus fíorthorthaí a bhaint amach. Cuirtear sonraí faoi bhallraíocht na foirne gníomhaíochta agus an clár oibre curtha in airde ar láithreán gréasáin ÁSP2020.

Anuas ar na sé ghníomh (as na 18 ngníomh) a tosaíodh cheana féin in 2018, tugadh tús áite do shé ghníomh bhreise lena dtabhairt chun cinn i rith 2019, agus lean rannpháirtithe le dea-chleachtas, taithí agus saineolas ar fud na n-earnálacha a roinnt. Seo a leanas na forbairtí a rinneadh faoi na príomhthéamaí irith 2019:

- **Nuálaíocht i Rialachas:** Bunaíodh samhail rialachais nuálach neartaithe in 2018 chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na ngníomhartha in Ár Seirbhís Phoiblí 2020 Is éard a bhaineann leis seo ná Bord Ceannaireachta Seirbhíse Poiblí (BCSP), ina roghnaítear rannpháirtíocht leibhéal an Ard-Rúnaí/an POF ó Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus ina roghnaítear ionadaithe ó réimse fairsing eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí. Chas an Bord seo le chéile trí huaire in 2019. Tacaítear leis an nGrúpa Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí an (BCSP), ar a uain sin, trí Rúnaithe Cúnta agus trína chomhionann de rannpháirtíocht ó limistéir ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Chas an Bord seo le chéile trí huaire in 2019 freisin.

- **Monatóireacht a dhéanamh ar Ár Seirbhíse Phoiblí 2020:** Foilsíodh an chéad Tuarascáil ar Dhul chun Cinn Ár Seirbhís Phoiblí 2020. Forbraíodh agus cuireadh sonraí freisin i mbunachar sonraí d'athchóirithe a bhfuiltear ag tabhairt fúthu ar fud na seirbhíse poiblí faoi ÁSP 2020. Cuireadh tús le hobair chun táscairí a shainaithint a bhaineann leis na 3 Cholún de Ár Seirbhís Phoiblí 2020

- **Nuálaíocht a Chur chun Cinn:** Tá in Ár Seirbhís Poiblí 2020 roinnt tionscnamh a dhéanann cultúr nuálaíochta a chur chun cinn ar fud na Seirbhíse Poiblí. Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas in 2019:
  - Tugadh cleachtóirí nuálaíochta ar iasacht le hOifig Athchóirithe na Roinne ó limistéir éagsúla den tSeirbhís Phoiblí chun tacú le fostaithe sa tseirbhís phoiblí chun nuálaíocht a chur chun cinn ina n-eagraíochtaí;

- Tugadh faomhadh d'Oifig Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí do chistiú faoi Chlár Seirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach an Choimisiúin Eorpaigh chun straitéis nuálaíochta seirbhíse poiblí a fhorbairt, creat scileanna a chruthú do nuálaíocht seirbhíse poiblí agus chun nuálaíocht a dhearadh i bhfoghlaim ceannaireachta agus in idirghabháil forbartha;
- Chláraigh 43 eagraíocht le Dearbhú na hÉireann um nuálaíocht seirbhíse phoiblí a forbraíodh bunaithe ar dhearbhú an ECFE, agus a rinneadh a shaincheapadh d'Éirinn;
- Bunaíodh an Líonra Nuálaíochta sa tSeirbhís Phoiblí i Meán Fómhair 2019 agus tá ballraíocht breis agus 430 fostaí ann ó na hearnálacha go léir;
- Seoladh Ciste Nuálaíochta sa tSeirbhís Phoiblí, agus cuireadh cistiú arbh ionann é agus breis agus €500,000, ar an iomlán, ar fáil do 18 dtionscadal éagsúla;
- Cuireadh an chéad seachtain nuálaíochta ar fud na seirbhíse poiblí ar siúl i mí na Nollag, áit ar fhiosraigh foirne an nuálaíocht, ar oibrigh siad as lámh a chéile maidir le smaointe agus ar ghlac siad páirt i mbreis agus 200 imeacht agus gníomhaíocht fud fad na tíre. D'fhreastail breis agus 600 duine ar an gComhdháil Nuálaíochta a cuireadh ar bun i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Cén, inar labhair breis agus 20 cainteoir agus ina ndearnadh sárthaispeántas de shamplaí iontacha den nuálaíocht inár seirbhís phoiblí. Anuas air sin, ghlac 500 duine páirt i gceardlanna nuálaíochta, ar a dtugtar Ranganna Luais ('Faster Classes');
- Forbraíodh Nuachtlitir Nuálaíochta don tSeirbhís Phoiblí agus eisíodh í chun imeachtaí agus deiseanna d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a chur chun cinn;
- D'fhorbair an Oifig Athchóirithe agus an Institiúid um Riarachán Poiblí Dioplóma Gairmiúil sa Nuálaíocht sa tSeirbhís Nuálaíocht. Táthar le glacadh leis na chéad iarratasóirí i Márta 2020. De bhreis air sin, thug breis agus 140 bainisteoir seirbhíse poiblí ó limistéir ar fud na seirbhíse poiblí trína chéile faoi chúrsa 2 lá 'Bunriachtanais na Nuálaíochta'. Forbraíodh sraith eile d'idirghabháil freisin a thabharfar isteach i rith 2020; agus
- D'oibrigh Oifig Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí as lámh le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais chun Cruinniú Govtech a chur le chéile agus chun plean gníomhaíochta a fhorbairt chun GovTech a bhunú in Éirinn.

- **An tSuirbhé ar Shásamh Ginearálta Custaiméirí na Státseirbhíse:** Tugadh faoin ochtú sraith suirbhéanna sa bhliain 2019 (ó 1997) ar an bpobal i gcoitinne faoinar thug cuideachta neamhspleách taighde ar thuairimí thar ceann na Roinne chun leibhéil sásaimh a dheimhniú le seirbhísí a chuir ranna na státseirbhíse agus oifigí móra ar fáil. Ba iad na leibhéil sásaimh, ar an iomlán, i gcás soláthar seirbhíse agus an toraidh i suirbhé 2019 na leibhéil ab airde a cuireadh i gcuntas go dtí seo:
  - Bhí 85% de chustaiméirí sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil dóibh (aníos ó 83% in 2017 agus 76% in 2015) agus leis an toradh a bhí ar an teagmháil is déanaí a rinne siad leis an Státseirbhís (aníos ó 82% in 2017 agus 76% in 2015).
  - thug 89% de chustaiméirí le fios go bhfuil leibhéil seirbhíse a fheabhas agus a mbíonn súil acu leo nó níos fearr ná mar a mbíonn súil acu leo, den chuid is mó, (aníos ó 87% in 2017 agus 83% in 2015).

- **Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí:** Rinne an Líonra Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (an LSAC) a fhairsingiú agus cuimsítear an tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne anois ann mar chuid de ÁSP2020, agus rinne seo a bhallraíocht i measc na n-earnálacha go léir a mhéadú. Cuimsítear sa tSraith Uirlisí Cumarsáide le Custaiméirí don tSeirbhís Phoiblí treoir maidir le prionsabail ghinearálta stíl scríbhneoireachta, cumarsáid ó bhéal agus neamhbhriathartha, foirmeacha agus cáipéisí a dhearadh,

ábhar gréasáin agus meán sóisialta agus conas comharthaíocht a thaispeáint. Rinne an Oifig Athchóirithe agus Seachadta é seo a athbhreithniú agus a leasú i rith 2019 i gcomhoibriú leis an Ionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus tá fáil air ar láithreán gréasáin ÁSP2020.

- I measc na mbunspriocanna inghnóthaithe eile in 2019 faoi na ceithre théama ghníomhacha sa **Colún Ár nDaoine agus ár nEagraíochtaí a Fhorbairt de chuid ÁSP 2020** bhí: bunaíodh Líonra Bainisteoirí Acmhainní Daonna straitéiseach chun na tionscnaimh daoine a chur chun cinn a tháinig chun solais faoi Cholún 3; Forbairt leanúnach agus Ghairmiúil, Pleanáil Straitéiseach an Lucht Saothair, agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.

- Foilsíodh Páipéar Taighde ar Phleanáil Straitéiseach an Lucht Saothair i Seirbhís Phoiblí na hÉireann, a choimisiúnaigh an Foras Riaracháin (an FR) agus bunaíodh Foireann Gníomhaíochta Trasearnála chun tionscnaimh i gcomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn. Cuireadh Comhdháil Éagsúlachta agus Nuálaíochta ar bun i nDeireadh Fómhair 2019, inar ghlac 250 Ceannaire Seirbhíse Poiblí páirt.

- **Uathoibriú Róbatach Próiseas:** D'oibrigh an Roinn i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR) chun creat-chomhaontú le haghaidh Uathoibriú Róbatach Próiseas (URP) a fhoilsiú. Cuireann an creat seo ar chumas na gcomhlachtaí seirbhíse poiblí go léir chun seirbhísí URP a tharraingt anuas ó sholáthraí lena gcomhaontaítear, a dhéanfaidh go leor ama agus airgid a shábháil do chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí nuair a bhíonn URP á fhiosrú agus á chur i bhfeidhm acu. Príomhghné den chreat-chomhaontú is ea go gcumasóidh sé scileanna URP a aistriú ón soláthraí go dtí an comhlacht seirbhíse poiblí chun gur féidir leis éirí go hiomlán inniúil sa teicneolaíocht seo atá ag teacht chun cinn.

  Chabhraigh an Roinn freisin le FSS chun a chéad chlár píolótach a fhorbairt maidir le URP a thabhairt isteach, agus tá súil leis go gcuirfear tús le hoibríochtaí in 2020. Mar chuid de na hoibleagáidí leanúnacha atá uirthi chun uasoiliúint a chur ar fhostaithe sa tseirbhís phoiblí maidir le samhlacha eile de sholáthar seirbhíse, chuir an Roinn roinnt seisiúin faisnéise ar bun d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí maidir le URP. Tá RPA ar bun go hoibríochtúil anois in ar a laghad seacht gcomhlacht seirbhíse poiblí agus tá idir fhiosrú agus tástáil á ndéanamh air i roinnt comhlachtaí eile.

- **Benefacts:** Chuir an Roinn cúnamh deontais ar fáil do Benefacts, fiontar neamhbhbrabúis sóisialta a bunaíodh chun obair agus cistiú na hearnála neamhbhrabúis in Éirinn a dhéanamh níos trédhearcaí. Cuirtear saor-rochtain phoiblí ar fáil ar bhunachar sonraí ar líne Benefacts ar shonraí rialála, airgeadais agus rialachais faoi 30,000 eagraíocht, ina sonraí ina measc faoi gach carthanas cláraithe agus na mílte eagraíocht eile neamhbhrabúis, ar nós institiúidí oideachais, fiontair shóisialta agus comhlachtaí spóirt agus gairmiúla. Cuirtear na sonraí ar fáil freisin i bhformáidí oscailte ar Thairseach Shonraí Oscailte an Rialtais, áit ar féidir teacht ar na sonraí saor in aisce.

## 5.2. Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht

Rinne an Roinn a chlár athchóirithe, atá dírithe ar rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a sholáthar, a chur chun cinn níos mó. Tugadh faoi na príomhthionscnaimh seo a leanas:

- Tionscnamh í **an Chomhpháirtíocht um Rialtas Oscailte** (an CRO) ina nglacann breis agus 70 tír páirt a bhfuil de chuspóir aige gealltanais dhaingne a bhaint amach ó rialtais chun trédhearcacht a chur chun cinn, saoránaigh a chumasú, cur in aghaidh caimiléireachta, agus teicneolaíochtaí nua a shaothrú chun rialachas a threisiú. Tá sé á reáchtáil ag coiste stiúrtha ina bhfuil eagraíochtaí rialtais agus sochaí sibhialta. Cuimsítear i dTuarascáil Féinmheasúnaithe Deireadh Téarma na hÉireann ar Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta 2016-2018 an CRO tuarascálacha mionsonraithe ar gach ceann de na 15 ghealltanas sa phlean a chur i bhfeidhm. Rinne an Roinn idichaidreamh i rith 2019 le Cumann Rialtais Oscailte na hÉireann ('Open Government Association Ireland'), a bunaíodh le déanaí, chun próiseas níos éifeachtaí a dhearadh chun chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta eile na hÉireann a chruthú agus a chur i bhfeidhm.

- **Sonraí Oscailte:** Leanann an Roinn a bheith ceannródaíoch maidir le Sonraí Oscailte i ndiaidh gur éirigh le hÉirinn an chéad áit a choimeád i suirbhé ar Aibíocht Sonraí Oscailte an AE in 2019 don tríú bliain i ndiaidh a chéile. Chuir Éire feabhas freisin ar a rangú i dtaobh Sonraí Oscailte aníos go dtí an tríú háit san ECFE. Baineadh é seo amach tríd an Straitéis náisiúnta Sonraí Oscailte 2017-2022 a chur i bhfeidhm go leanúnach.

  Bhí nasc sa Tairseach Sonraí Oscailte náisiúnta le 9,500 tacar sonraí ó bhreis agus 100 foilsitheoir agus cuireadh oiliúint ar shonraí oscailte ar 595 fostaí sa tseirbhís phoiblí ag deireadh 2019. Chuir Ciste Rannpháirtíochta na Sonraí Oscailte 2019/2020, a chuireann an úsáid a bhaintear as tacair shonraí chun cinn ar an tairseach sonraí oscailte, cistiú iomlán €40,000 ar fáil do 10 dtionscadal rathúla.

  Ghlac an Roinn páirt i roinnt seimineár agus comhdhálacha i rith na bliana chun scaoileadh sonraí rialtais ag comhlachtaí poiblí agus sonraí oscailte a athúsáid i measc Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), an tsaoil acadúil, na meán agus saoránach ar chuspóirí sóisialta agus geilleagracha a chur chun cinn. D'eagraigh an Roinn Comhdháil Sonraí Oscailte freisin i mBaile Átha Cliath i Samhain 2019 inar pléadh an téama 'Dúshláin agus Deiseanna Sonraí Oscailte' agus d'fhreastail breis agus 130 toscaire uirthi.

  Comhoibríonn an Roinn le contrapháirteanna sonraí oscailte i mBallstáit eile agus d'éascaigh sí cuairteanna a thug an Pholainn agus Tuaisceart Éireann i rith 2019. Déanfaidh an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis na hEarnála Poiblí, a d'eagraigh an Roinn in 2019, borradh breise a chur faoi shonraí a scaoileadh i bhformáidí oscailte, trí chomhéadain feidhmchláir (CFanna) agus gan chostas.

## 5.3. Bearta Reachtaíochta agus Rialachais Phoiblí

Rinneadh na príomhthionscnaimh reachtaíochta agus rialachais phoiblí seo a leanas a thabhairt chun cinn:

- **Saoráil Faisnéise (SF):** Leanann an Láraonad Beartais (an LAB) maidir le SF ag an Roinn ag tacú le cur i bhfeidhm agus forbairt beartais maidir leis an gcóras SF. Áirítear leis seo tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil ar an nguthán agus ar ríomhphost tríd an deasc chabhrach SF do pháirtithe leasmhara, saoránaigh, gnólachtaí, iriseoirí agus acadóirí, chomh maith le 600 comhlacht SF ina measc. Rinne an LAB cathaoirleacht freisin ar 8 gcruinniú an Líonra SF, chuir sé seisiúin cheardlainne ar siúl ag ionaid ar fud na tíre, rinne sé cur i láthair ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí oiliúna eile,

d’fhorbair sé treoirlínte nua agus rinne sé ábhar ar láithreán gréasáin foi.gov.ie a chothabháil agus a nuashonrú.

- **Nochtadh Cosanta:** Leanann an Roinn ag tacú le cur i bhfeidhm agus forbairt beartais maidir le hoibriú an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, a sholáthraíonn córas aonair uileghabhálach agus atá infheidhme go ginearálta chun oibrithe a chosaint a nochtann éagóir san ionad oibre. Bhí baint aici i rith 2019 le hidirbheartaíocht maidir le tograí le haghaidh Treorach ón AE maidir le sceithirí a chosaint, agus glacadh téacs deiridh an togra sin (Treoir 2019/1937 ón AE) an 23 Deireadh Fómhair. Chuir an Roinn tús le hobair ullmhúcháin chun an Treoir a thrasuí. Thacaigh líonra idir-rannach, a bunaíodh in 2018, leis an Roinn maidir leis seo, agus chas an líonra seo ar a chéile trí huaire in 2019.

- **Roinnt agus Rialachas Sonraí:** Síníodh an tAcht um Roinnt agus Rialachas Sonraí, a thug an Roinn tríd an Oireachtas, isteach sa dlí an 4 Márta 2019. Cuireann sé creat reachtúil ar fáil chun roinnt sonraí a chur chun cinn agus a spreagadh idir comhlachtaí poiblí le haghaidh cuspóirí dlisteanacha agus a shonraítear go soiléir a chomhlíonaann an dlí um chosaint sonraí. Cuireadh tús le dhá chuid den Acht in Aibreán: Cuid 5, a bhaineann le faisnéise seirbhíse poiblí a roinnt; agus Cuid 6, a bhaineann le hAitheantóirí Uathúla Gnó a chruthú. Cuireadh obair ullmhúcháin ar thús a chur leis na codanna eile – go háirithe Bord Rialachais Sonraí a bhunú – chun cinn i rith na bliana agus cuireadh roinnt ceardlann le príomhchomhlachtaí seirbhíse poiblí ar bun in 2019.

- **Brústocaireacht a Rialáil:** Bunaítear clár gréasánbhunaithe san tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 de ghníomhaíocht bhrústocaireachta chun trédhearcacht chuí a sholáthar maidir le “cén daoine a bhfuil teagmháil á déanamh acu le daoine agus ábhar na teagmhála sin”. Tá ar bhrústocairí clárú agus tuairisceáin a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) má thugann siad faoi ghníomhaíochtaí brústocaireachta, agus tá orthu tuairisceáin a sheoladh ar aghaidh gach 4 mhí. Seoladh thart ar 40,000 tuairisceán chuig an gclár agus chláraigh thart ar 1,950 duine agus eagraíocht ar an gclár.

  Ceanglaítear san Acht go ndéantar athbhreithniú go tréimhsiúil ar a fhorálacha. Seoladh an dara próiseas athbhreithnithe reachtúil an 12 Aibreán 2019 agus críochnaíodh é an 10 Bealtaine. Foilsíodh tuarascáil an athbhreithnithe i bhFeabhra 2020.

  Rinne an Roinn rialachán (I.R. 144/2019) a chur chun cinn faoin Acht chun an liosta d’Oifigigh Ainmnithe Phoiblí a leasú maidir le hOifig na nOibreacha Poiblí.

- **Eitic:** Lean an Roinn ag freastal ar chruinnithe an Ghrúpa Athbhreithnithe, ar a ndéanann James Hamilton cathaoirleacht, a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh aige ar na struchtúir cheartais choiriúil chun coireacht agus caimiléireacht gheilleagrach a chomhrac. Cuirfidh an Grúpa Athbhreithnithe a thuarascáil faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais in 2020.

  Chuir an Roinn aiseolas ar fáil freisin don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir le an Fógra Faisnéise ón gCoimisiún maidir le ‘Bronntanais a thabhairt do Shealbhóirí Oifige'.

  Ceapadh Cathaoirleach nua leis an mBord um Cheapacháin Sheachtracha i rith 2019. Cuireann an Bord iniúchadh neamhspleách ar fáil ar cheapacháin iarfhostaíochta i

measc státseirbhísigh agus comhairleoirí áirithe a fhostaítear laistigh de bhliain amháin i ndiaidh éirí as an obair nó dul ar scor ón Státseirbhís.

Ritheadh an Bille um Chaighdeáin san Earnáil Phoiblí, 2015, a bhí á thabhairt chun cinn ag an Roinn i rith 2019, i bhFeabhra 2020 ar dhíscaoileadh an 32ú Dáil.

- **Idirchaidreamh le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta:** Sholáthair an Roinn ábhar do thuarascáil iomlán Tíre na hÉireann ar chur i bhfeidhm Chaibidlí II (Bearta Coiscteacha) agus V (Aisghabháil Sócmhainní) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (UNCAC).

  Sholáthair sí ábhartha i Meán Fómhair 2019 do thuarascáil chomhlíonta eatramhach Ceathrú Babhta na hÉireann do GRECO (Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta Chomhairle na hEorpa) maidir leis na moltaí a rabhthas le dul i ngleic leo go fóill Meastóireacht Ceathrú Babhta a rinneadh ar Éirinn. Pléifear an tuarascáil chomhlíonta eatramhach ag cruinniú iomlánach GRECO i Márta 2020.

  Sholáthair an Roinn ábhar freisin do cheistneoir measúnaithe Cúig Babhta GRECO in 2019. Seo an chéad chéim sa phróiseas measúnaithe agus tabharfaidh an fhoireann mheasúnaithe cuairt ar an láthair ina dhiaidh seo ar Éirinn in Aibreán 2020. Tá an measúnú dírithe ar chosc a chur ar chaimiléireacht agus a iomláine sa rialtas láir (feidhmeanna na feidhmeannachta uachtaraí) agus i ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a chur chun cinn.

# 6 Rialtas Digiteach

## 6.1. Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR)

Tá sainchúram fairsing agus ilchineálach ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR), a n-áirítear an méid seo a leanas leis:

- soláthar seirbhíse TFC;
- maoirseacht a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann le TFC ar fud na Seirbhíse Poiblí; agus
- beartas teicneolaíochta don Rialtas, nuair a bhaineann seo le tionscnaimh AE ina measc, cosúil leis an bPlean Gníomhaíochta Ríomhsheirbhísí, Clár ISA[2], Rialacháin an Phointe Rochtana Aonair Dhigitigh agus eIDAS.

Stiúrann OPOFR réimse straitéisí a chur i bhfeidhm, ar nós an mhéid seo a leanas: Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí; Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017-2020; Gníomh 1 a chur i bhfeidhm (*Soláthar Digiteach Seirbhísí a Luathú*) de Ár Seirbhís Phoiblí 2020 chun tacú le forbairt agus nuálaíocht leanúnach ar fud na Seirbhíse Poiblí; agus Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023.

Chun aghaidh a thabhairt ar a sainchúram:

- **Comhoibríonn OPOFR le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais** ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí chun dlús a chur le clár claochlaithe an Rialtais. Glacann sé le ról ceannaireachta sa soláthar seirbhíse digiteach agus i dtionscnaimh nuálaíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí; déanann sé maoirseacht ar chaiteachas a bhaineann le TFC a dhéanann Ranna agus gníomhaireachtaí;, agus déanann sé ionadaíocht d'Éirinn ar leibhéal an AE maidir le TFC seirbhíse poiblí, seirbhísí digiteacha agus ríomhsheirbhísí Rialtais, agus ag grúpaí oibre POF Rialtais agus i bhfóraim in eagraíochtaí eile iltaobhacha.

- Is é OPOFR an rannán atá freagrach as **seirbhísí TFC a sholáthar sa Roinn.** Déanann Coiste Rialachais na Roinne maoirseacht agus stiúradh ar fhorbairtí TFC agus soláthar seirbhíse don Roinn i gcomhthéacs an Chreata Rialachais TFC.

- Tá OPOFR freagrach as **Cláir Straitéiseacha TFC agus Cláir um Chlaochlú Digiteach** a thabhairt isteach. Glacann sé le ról ceannaireachta ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí chun cur i bhfeidhm chlár athchóirithe an Rialtais a chur chun cinn maidir le TFC agus soláthar digiteach.

## 6.2. Príomhéachtaí Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí in 2019

D'eascair an Plean Gníomhaíochta 18 gCéim do Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí as comhoibriú idir POF an Rialtais agus POFanna roinne agus Cinn TFC. Lorgaíonn sé chun cúig théama straitéiseacha na straitéise a thabhairt chun cinn: Tógáil le Roinnt (Build to Share), Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha, Sonraí mar Chumasóir, Feabhas a chur ar

——

Rialachas agus Cumas a Mhéadú.  Leagtar sonraí amach thíos faoin dul chun cinn a rinneadh faoi gach colún.

## 6.2.1. Tógáil le Roinnt

Lorgaíonn an colún Tógáil le Roinnt chun aistriú go dtí samhail roinnte i dtaobh soláthar seirbhíse TFC, chun tacú le comhtháthú agus roinnt acmhainní ar fud na seirbhíse poiblí níos fairsinge agus éifeachtúlacht á cur chun cinn agus costais á rialú i gcomhthráth. Tá roinnt foirmeacha i gceist leis an tsraith *Tógáil le Roinnt* (TLR) agus tá bunachar cliant an-fhairsing d'eagraíochtaí aige cheana féin a bhfuil cuid den chatalóg sheirbhísí TLR, nó gach ceann díobh, á gcur ar fáil dóibh.

- Cuireann **Líonraí Rialtais Tógáil le Roinnt** seirbhísí cost-éifeachtúla, athléimneacha, ar ghrád iompróra, líonra ardluais ar fáil le haghaidh gutha, físeáin, agus sonraí, do gach comhlacht seirbhíse poiblí agus cumasaíonn sé nascacht idirghníomhaireachta.

  Tá teacht anois ag comhlachtaí seirbhíse poiblí in thart ar 70 baile agus cathair timpeall na tíre ar nascacht ardluais athléimneach líonra agus tá de bhreis ar 800 nód sa nascacht faoi láthair a tugadh isteach, a lean ar aghaidh ar fud na tíre i rith na bliana. Tá roinnt gníomhaireachtaí ag baint úsáide anois as seirbhís bhainistithe Líonra Achair Logánta (LAN) a chuirtear ar fáil do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí (CSPanna) agus a tosaíodh in 2018.  Tá an glacadh le bonneagar roinnt Wi-Fi, a cheadaíonn do CSPanna chun líonraí slána corparáideacha agus aoi a imlonnú i roinnt láithreacha lena laghad infheistíochta a dhéanamh i mbonneagar, imithe i méid agus tá úsáid á baint ag breis agus deich ngníomhaireacht as agus tá cruthúnais choincheapa ar siúl ag roinnt gníomhaireachtaí eile. Imlonnaíodh bonneagar nua Teileafónaíochta IP go lárnach agus i mbreis agus 40 CSP, a d'éascaigh glaonna gutháin athléimneacha ar ísealchostas a chur ar fud an Rialtais.

- Cuireann **Feidhmchláir Tógáil le Roinnt** sraith feidhmchláir tacaíochta corparáidí atá mar an gcéanna i measc comhlachtaí rialtais. Tá clár leanúnach um thabhairt isteach ar bun chun na feidhmchláir seo a chur i bhfeidhm ar fud Ranna a leanfaidh ar aghaidh, ar bhonn céimnithe, tríd an mbliain 2020 agus ina dhiaidh sin. Tá an t-ardán roinnte tugtha isteach faoi láthair i measc 40 comhlacht poiblí, agus ghlac gach ceann díobh le ar a laghad feidhmchlár amháin ón tsraith feidhmchlár, agus tugadh breis agus 100 leagan de na feidhmchláir seo isteach, ar an iomlán.  Cuireadh roinnt feidhmchláir nua leis an tsraith i rith na bliana, córas deasc chabhrach roinnte nua agus córas clár rioscaí nua ina measc.

- Cuireann **Deasc Bhainistithe Tógáil le Roinnt** an réimse caighdeánach de ghnáthsheirbhísí TFC úsáideora deiridh do chomhlachtaí poiblí. Áirítear leo seo Ríomhairí Pearsanta, ríomhairí glúine, gléasanna hibrideacha/táibléid, sraith táirgiúlachta oifige, ríomhphost, clódóireacht bhainistithe, físchomhdháil, líonra áitiúil, rochtain idirlín, seirbhísí gutháin agus seirbhísí tacaíochta deasc freastail chomh maith leis an mbonneagar óstála fothaca agus na seirbhísí cibearshlándála gaolmhara.

  Rinneadh seirbhísí Deisce Bainistithe TLR isteach in eagraíochtaí breise i rith 2019, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus i mBunaíocht an Uachtaráin.  Cuireann OPOFR croísheirbhísí deisce TFC chorparáidigh ar fáil anois do bhreis agus 3,000 úsáideoir in naoi n-eagraíocht atá leata thar bhreis agus 30 láthair ar fud na tíre.  Tá dul chun cinn á dhéanamh ag pleananna chun seirbhísí deisce a thabhairt isteach i Ranna Rialtais/ Oifigí breise i rith 2020.

- Tá ardán bonneagar Néal Rialtais phríobháidigh á sholáthar ag **Néal Rialtais Phríobháidigh Tógáil le Roinnt** atá roinnte, daingean agus athléimneach. Tá an tInfreastruchtúr mar Sheirbhís seo (IaaS) ar fáil le haghaidh óstáil córais/ feidhmchláir do gach Comhlacht Poiblí. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag pleananna chun iarratais bhreise a thabhairt isteach i Ranna/Oifigí Rialtais breise i rith 2020.

- Cruthaíonn **Ionad Sonraí Rialtais Tógáil le Roinnt** deis bhreise chun bonneagar a roinnt a chuireann ar chumas comhlachtaí seirbhíse poiblí chun a mbonneagar TFC a aimsiú i saoráid a tógadh le sainchuspóir faoi úinéireacht an Rialtais agus á reáchtáil ag an Rialtas.  Tá céim an dearaidh críochnaithe agus faomhadh an t-iarratas pleanála, a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae Chill Dara, in 2019 le roinnt coinníollacha. Éistfear leis an achomharc a rinneadh ar dhá cheann de na coinníollacha don phleanáil, a seoladh ar aghaidh go déanach in 2019, in 2020.

## 6.2.2. Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha

Bunaíodh foghrúpa Ceannairí Digiteacha Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse in 2019 chun maoirseacht a dhéanamh ar agus dlús a chur le claochlú digiteach ar fud na Seirbhíse Poiblí.  De bhun obair an ghrúpa seo, rinne an Rialtas comhaontú ar chlár claochlaithe dhigitigh a dtugtar tús áite dó agus bunaíodh *Clár Digiteach*, a chuimsíonn gach comhlacht poiblí. Leanfaidh an Grúpa Ceannairí Digiteacha, a tugadh isteach i ngach earnáil, le monatóireacht a dhéanamh ar chlaochlú digiteach agus é a thabhairt chun cinn isteach in 2020.

Lean OPOFR le sócmhainní roinnte digiteacha a fhorbairt agus a chur chun cinn a fheabhsaíonn comhsheasmhacht agus éifeachtúlachtaí i soláthar tosaigh agus cúil seirbhísí poiblí.  I measc na dtionscnamh, tá glacadh méadaithe le MyGovId, meicníocht choiteann fíordheimhnithe ar líne atá le húsáid ag comhlachtaí poiblí a bhaineann 475,000 cuntas deimhnithe amach; rinne tairseach gov.ie, a chuireann tosach aontaithe agus comhsheasmhach ar fáil do sheirbhísí faisnéise an rialtais, ocht láithreán gréasáin Roinn Rialtais a chónascadh i rith 2019 agus tá de chuspóir aige na cinn eile a chuimsiú faoi dheireadh 2020; agus rinneadh próiseas Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) chun gnó a fhíordheimhniú ar líne a chumasú go mbainfidh comhlachtaí poiblí, seachas na Coimisinéirí Ioncaim, athúsáid as trí leasú reachtaíochta a rinneadh le déanaí.

## 6.2.3. Sonraí mar Chumasóir

Tá de chuspóir ag Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí, a foilsíodh i mí na Nollag 2018, chun sraith beart a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar conas a rialaítear, a bhainistítear agus a athúsáidtear sonraí ar bhealach slán, éifeachtúil agus trédhearcach ar mhaithe le saoránaigh, gnólachtaí agus an lucht déanta beartas.    Chuir OPOFR sraith ceardlanna idir-rannacha ar siúl i rith 2019 chun plean soláthair acmhainní agus feidhmithe chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorghníomhú ghníomhartha na straitéise sonraí sna blianta amach romhainn. Tugadh faoi obair ar roinnt príomhghníomhartha laistigh den straitéis, achtú an Achta um Roinnt agus Rialachas Sonraí, 2019, agus seirbhís Bhosca Poist Dhigitigh a fhorbairt.  Tosófar obair in 2020 chun an tseirbhís Bhosca Poist Dhigitigh, rogha shlán dhigiteach ar litreacha a bheith á seoladh ag comhlachtaí poiblí.

### 6.2.4. Feabhas a chur ar Rialachas

Leanann OPOFR ag oibriú le ranna agus gníomhaireachtaí chun cur i bhfeidhm an chláir TFC agus straitéisí agus tionscnaimh chlaochlaithe dhigitigh ar fud an Rialtais a chur i bhfeidhm. Leanann an Bord Comhairleach TFC, a thuairiscíonn le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (BBSS) trí POF an Rialtais, ag casadh ar a chéile go rialta chun páirt a ghlacadh sa Phlean Gníomhaíochta 18 gCéim a sholáthar agus maoirseacht a dhéanamh air.  Mar cheannaire le haghaidh Ghníomh 1 de Ár Seirbhís Phoiblí 2020, *Soláthar Digiteach Seirbhísí a Luathú*, déanann an Rialtas idirchaidreamh rialta chun idirphlé agus smaointe a roinnt agus cláir a chur i bhfeidhm a spreagadh idir an rialtas láir agus áitiúil, an Garda Síochána agus na hearnálacha sláinte agus oideachais.

### 6.2.5. Acmhainn Mhéadaithe

Rinneadh dul chun cinn maith i mbliana maidir leis an Straitéis um Ghairmiúlú Acmhainní Daonna TFC a chur i bhfeidhm, atá in ainm is a chinntiú go bhfuil an meascán ceart scileanna, eolais agus saineolais ar fáil ag an Státseirbhís go hinmheánach chun seirbhísí éifeachtacha rialtais dhigitigh a sholáthar do shaoránaigh, gnólachtaí agus státseirbhísigh.

Tá roinnt gníomhartha á gcur chun cinn ag an nGrúpa Oibre Acmhainní Daonna TFC, ar foghrúpa é den Bhord Comhairleach TFC, chun an cnámh droma gairm bheatha a chur i bhfeidhm le haghaidh TFC, a dtacaíonn na bearta cuí earcaíochta, coinneála agus luaineachta leis, anuas ar chreat forbartha scileanna agus sraith idirghabháil foghlama leis.  I measc rudaí eile, thit sraith nua d'fheachtais choiteanna earcaíochta amach a bhain le TFC i rith 2019. Anuas air sin, cuireadh tús leis an gclár píolótach Printíseach Speisialtóir TFC. Scéim dhá bhliain *tuill mar a fhoghlaimítear* í seo i gcomhar le FastTrack to IT (FIT), an soláthraí náisiúnta comhordaithe le haghaidh Printíseachtaí Teicneolaíochta in TFC, a lorgaíonn chun teacht i dtír ar thallann nua ionchasach le haghaidh TFC sa Státseirbhís. Thosaigh 34 Speisialtóir TFC Printísigh a gclár dhá bhliain clár in Aibreán 2019 agus bhain siad fostaíocht amach le 11 fhostóir sa Státseirbhís.

## 6.3. Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017-2020

Bunatacaíonn tiomantas an Rialtais do bheith oscailte, solúbtha ag comhoibritheach lenár saoránaigh agus gnólachtaí, trí dhigitiú agus an teicneolaíocht a úsáid chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú agus chun feabhas seasmhach a chur ar sheirbhísí poiblí, le Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais 2017-2020. Buntacaíonn roinnt príomhphrionsabal leis, atá ailínithe le Plean Gníomhaíochta Ríomhsheirbhísí Rialtais an AE 2016-2020, a chuirfidh a chur i bhfeidhm chun cinn. Is iad seo: Digiteach mar Réamhshocrú ('Digital By Default'); An Prionsabal Uair Amháin ('Once Only'); Ionchuimsitheacht agus Inrochtaineacht; Oscailteacht agus Trédhearcacht; Trasteorann mar Réamhshocrú; Idir-Inoibritheacht mar Réamhshocrú; agus Iontaofacht agus Slándáil.

Leantar le dul chun cinn a dhéanamh maidir le gach ceann de 10 bpríomhghníomh na straitéise a sholáthar i gcomhthéacs sholáthar chlár oibre uileghabhálach OPOFR i measc réimse straitéisí agus tionscnamh.

## 6.4. Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023

Buntacaíonn Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 le réimse de na tionscnaimh a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Forbraíodh seo i gcomhairle le gach Roinn, an Phríomh-Oifig Staidrimh (an POS) ina measc, agus leagtar amach inti fís mhionsonraithe, ina bhfuil sraith spriocanna agus gníomhartha, a sholáthraíonn cur chuige níos comhcheangailte uile-Rialtais a sholáthar i dtaobh conas a úsáidtear agus a bhainistítear sonraí laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Tá de chuspóir ag an Straitéis sraith beart a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar conas a rialaítear, a bhainistítear agus a athúsáidtear sonraí ar bhealach slán, éifeachtúil agus trédhearcach ar mhaithe le saoránaigh, gnólachtaí agus an lucht déanta beartas.

Cuireann an straitéis le tionscnaimh shonraí reatha, ar nós an Bhonneagair Shonraí Náisiúnta (an BSN), a bhaineann le daoine, gnólachtaí agus láthair a shainaithint; agus an tAcht um Roinnt agus Rialachas Sonraí (an ARRS), ina leagtar amach creat dlíthiúil le haghaidh roinnt agus rialachas sonraí ar fud an Rialtais. Dírítear sa straitéis seo ar conas a chuirfidh an Rialtas leis na tionscnaimh seo, agus sonraí a athúsáid ar bhealach slán agus trédhearcach, agus seirbhísí á soláthar agus beartais a á gcruthú ar bhealach níos nua-aimseartha, níos lúfaire agus níos eolaí.

Is fearr a bheidh an Rialtas in ann freagairt d'éilimh ar sheirbhís ar bhealach lúfar a bhuíochas le cur i bhfeidhm na straitéise agus mar gheall go ndéanfar an méid seo a leanas:

- Seirbhísí digiteacha ceann go ceann níos comhcheangailte agus níos comhtháite a sholáthar;
- Próisis níos fearr le haghaidh ceapadh beartais agus meastóireachta;
- Feabhas a chur ar chosaint agus trédhearcacht próiseáil sonraí pearsanta; agus
- Riarachán a laghdú mar gheall nach gá a thuilleadh do ghnólachtaí agus saoránaigh na sonraí céanna a sholáthar arís agus arís eile.

## 6.5. Idirchaidreamh a dhéanamh ar Leibhéal AE agus Idirnáisiúnta

Lean OPOFR i rith na bliana le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus rinne sé ionadaíocht d'Éirinn ag gníomhaíochtaí idirnáisiúnta, sa chás gur chuí. Rinne sé idirchaidreamh le coistí agus grúpaí oibre AE, ach go háirithe, an méid seo a leanas ina measc:

- Coiste ISA[2] an Choimisiúin Eorpaigh agus grúpaí gaolmhara;
- Bord Stiúrtha Phlean Gníomhaíochta Ríomhsheirbhísí Rialtais na hEorpa;
- Coistí teicniúla agus beartais eIDAS;
- Grúpa Comhordaithe Rialachán an Phointe Rochtana Aonair Dhigitigh; agus
- Comhpháirtíocht Bhlocshlabhra na hEorpa.

Leanfaidh idirchaidreamh leis an AE le bheith mar ghné thábhachtach ar a ndíreoidh OPOFR i rith 2020. Anuas air sin, tá dlús curtha leis an idirchaidreamh atá á dhéanamh le ECFE agus díreofar aird air freisin in 2020.

Bhain Éire an 7ú háit amach i measc 28 Ballstát, arb áit amháin níos airde é sin i gcomparáid leis an áit a bhí bainte amach aici in 2018, san Innéacs an AE um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach 2019. Innéacs ilchodach é seo ina dtugtar achoimre ar tháscairí maidir le feidhmíocht dhigiteach na hEorpa i measc Nascachta,

Caipiteal Daonna/scileanna Digiteacha, Úsáid Seirbhísí Idirlín ag saoránaigh, Imeascadh na Teicneolaíochta Digití ag gnólachtaí, Seirbhísí Digiteacha Poiblí, agus Taighde agus Forbairt TFC.

## 6.6. GovTech

Cuireadh Cruinniú GovTech 2019 ar bun i Meitheamh 2019 chun anailís a dhéanamh ar an údar atá le, agus tógáil fhéideartha Éicea-chóras GovTech Éireannach. Shásaigh an chomhdháil gealltanas in Future Jobs Ireland 2019. I measc na rannpháirtithe bhí ionadaithe ó limistéir éagsúla sa tionscal, an saol acadúil, agus an tseirbhís phoiblí. Tugtar cuntas i dTuarascáil Chruinniú GovTech 2019 plé agus aschur an tionóil seo, na huaillmhianta le haghaidh GovTech sna chéad chúpla bliain eile, na bearta a thabharfadh dul chun cinn le fios agus na hocht ngníomh achoimre a theastaíonn chun réadúlacht a dhéanamh de na huaillmhianta.

D'fhaomh an Rialtas na gníomhartha a dtugtar tús áite dóibh sa Tuarascáil i mí na Nollag 2019.

# 7 Soláthar Poiblí

## 7.1. Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí

Cuireann an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR) comhairle ar an Aire, an tAire Stáit agus an Rialtas maidir leis an gclár athchóirithe soláthair. Rinneadh comhairliúchán fairsing i rith 2019 ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gclár athchóirithe a chur i bhfeidhm agus ar struchtúir rialachais an OSR freisin. Cuireadh eolas ar fáil do bhaill den Oireachtas i mí na Nollag. I measc na bpríomhthéamaí a tháinig chun solais, a chuir eolas ar fail do Dhréacht-Ráiteas Straitéise 2020-2022 an OSR, bhí: neartú an tsoláthair straitéisigh; feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse agus próisis; glacadh le digitiú; an teacht atá ag FBManna ar chonarthaí poiblí a mhéadú; agus gairmiúlú an tsoláthair.

Lean an OSR le bearta a chur chun cinn a bhí dírithe ar thacú le rannpháirtíocht fiontair bheaga agus mheánmhéide i soláthar poiblí agus cuireadh cruinnithe ráithiúla den Ghrúpa Comhairleach FBManna ar siúl. Cuireadh comhairliúcháin ar bun maidir le hoifig ombudsman soláthair a bhunú, agus cuireadh tús le hathbhreithniú scóipe ní b'fhairsinge dá bharr ar na forálacha dlíthiúla agus riaracháin le haghaidh réiteach i bpróisis soláthair phoiblí. Leanadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tairseach chun conarthaí poiblí a fhógairt ar Ríomhthairiscintí, ardán soláthair phoiblí an Stáit.

Ba é an rud ar dhírigh an Bord Eatramhach um Athchóiriú Soláthair go príomha i rith na bliana ná méadracht chuí tuairiscithe a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar ar dhul chun cinn an chláir athchóirithe soláthair agus chun tuiscint níos fearr a éascú ar ghníomhaíocht a bhain le soláthar ar fud an chórais.  Rinne an Bord iarracht freisin chun feabhas a chur ar ghlacadh leis na creataí ceannaigh a chuireann an OSR agus Comhlachtaí Ceannaigh Láir earnála ar fáil agus rinne sé scrúdú ar na tionchair a imrítear trí bhreithnithe sóisialta a chur i bhfeidhm, inbhuanaitheacht chomhshaoil ina measc, i soláthar poiblí. Lean sé le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht oibríochtúil, tionscnaimh, dúshláin, rioscaí agus saincheisteanna, go háirithe maidir le hullmhúcháin do Brexit.

## 7.2. Soláthar Poiblí Straitéiseach

Lean an OSR leis an gCreat Beartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí (an CBNSP) a fhorbairt i rith na bliana. Cumasaíonn an creat, a nuashonraíodh i Samhain, cur chuige níos straitéisí, níos comhsheasmhaí agus níos comhordaithe a ghlacadh i leith soláthar poiblí ar fud na hearnála poiblí, trí threoirlínte a sholáthar agus trí nósanna imeachta soláthair a leagan amach a gcloífidh comhlachtaí poiblí leo. I measc na bpríomhthionscnamh faoinar tugadh in 2019, bhí nuashonrú na dTreoirlínte maidir le Soláthar Poiblí (Eanáir 2019) agus an tsaincheist a bhain le nótaí eolais faoi Brexit (féach thíos chun teacht ar bhreis sonraí), Pleanáil Chorparáideach Soláthair agus Ról an Oifigigh Sholáthair. D'fhoilsigh an OSR Ciorclán 20/19 freisin, i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, chun an úsáid a bhaintear as breithnithe comhshaoil agus sóisialta i soláthar poiblí a chur chun cinn.

Lean an OSR lena **ullmhúcháin do Brexit** trí phleanáil teagmhais agus rannpháirteachas forleathan a dhéanamh le páirtithe leasmhara. Rinne sé scrúdú ar a chreat-chomhaontuithe chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le Brexit gan chomhaontú agus rinne sé idirchaidreamh le príomhsholáthraithe maidir lena socruithe teagmhais.  Chuir sé Nótaí

Eolais nuashonraithe ar fáil ar Brexit agus Soláthar Poiblí, lena n-áirítear mír cheisteanna agus freagraí chun déileáil leis na gnáthcheisteanna faoi Brexit ó pheirspictíocht soláthair. Mheabhraigh sé freisin do ranna Rialtais i Meán Fómhair gur gá aon rioscaí féideartha a bhaineann le soláthar a shainaithint agus a bhainistiú agus chun pleananna teagmhais mionsonraithe a chur i bhfeidhm, nuair is gá. Lean sé le béim a leagan ar an ngá atá ag comhlachtaí poiblí le pleanáil teagmhais mhionsonraithe agus mhol sé dóibh chun measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha ar a slabhraí soláthair agus chun bearta maolaithe a chur i bhfeidhm. Bhunaigh sé ríomhphost tiomnaithe freagairt do chun freagairt do bhuartha a d'fhéadfadh bheith ar údaráis chonraitheoireachta maidir le soláthar, brexit@ogp.gov.ie

## 7.3. Creataí Soláthair na Seirbhíse Poiblí

Glacann an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OSR) ceannas maidir leis an gclár athchóirithe soláthair a chur i bhfeidhm, mar chuid d'athchóiriú níos fairsinge na hearnála poiblí. Bhunaigh sé réimse fairsing creat-chomhaontuithe agus conarthaí i gcaitheamh na bliana chun cabhrú le comhlachtaí earnála poiblí chun earraí agus seirbhísí a fháil. Bhunaigh sé 23 creat-chomhaontú breise, 17 gconradh dhioscráideacha agus breis agus 964 iomaíocht ó chreat-chomhaontuithe agus tá anois breis agus 120 creat-chomhaontú gníomhach i bhfeidhm aige.

Mar gheall go bhfuil creat-chomhaontuithe reatha an OSR le hathsholáthar, tapaíonn sé gach deis chun feabhas a chur ar eispéireas cliant. Mar shampla, i gcás na gcreataí den dara glúin agus i gcás gléasanna ríomhaire glúine agus ríomhaire a bunaíodh i rith na bliana, freastalaítear ar go leor den éileamh anois trí shocruithe tarraingthe anuas dhírigh seachas trí mhionchomórtais a mbíonn níos mó acmhainní ag teastáil uathu a bhíodh ar siúl sna creataí den chéad ghlúin.

I gcaitheamh na bliana, thacaigh an OSR le straitéisí ardleibhéil soláthair agus conraitheoireachta do thionscadail ar fud an Rialtais, roinnt ina measc a sholáthraíonn tacaíocht ríthábhachtach nuair a bhíonn seirbhísí á soláthar don saoránach. Mar shampla, cuireadh príomhchonarthaí i bhfeidhm chun leictreachas a sholáthar do shoilsiú sráide, otharcharranna don earnáil phoiblí níos fairsinge agus seirbhís suirbhéireachta aispeiste a chuirtear ar fáil do FSS, OOP agus údaráis áitiúla.

Bhuaigh an OSR gradam in 2019 ag na Gradaim Bhainistíochta Saoráidí do chomhthionscadal leis an nGarda Síochána – Tionscadal Bainistíochta Saoráidí na Bliana - Sláinte agus Oideachas.

## 7.4. Soláthar Tógála

Seoladh athbhreithniú ar na beartais agus na cleachtais a cuireadh chun feidhme chun tionscadail oibreacha poiblí a sholáthar i Márta. Is éard a bhaineann leis seo ná idirchaidreamh forleathan a dhéanamh le páirtithe leasmhara tionscail, agus leis na comhlachtaí poiblí atá freagrach as tionscadail oibreacha poiblí a sholáthar maidir le réimse fairsing saincheisteanna. Dírítear i dtosach ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta a fhostú, atá dírithe ar shainmhíniú níos fearr a thabhairt ar an tionscadal, chun cinnteacht níos fearr a sholáthar dóibh siúd atá ag tabhairt faoin gcéim thógála. Bainfidh an t-athbhreithniú athruithe suntasacha amach ar an gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla (an CBOC) sna blianta amach romhainn. Foilsíodh Páipéar Seasaimh ar Rannpháirtíocht Sainchomhairleoireachta i mBealtaine 2019 mar chuid den chéad ghlúin eile den CBOC a fhorbairt.

Cuireann Aonad Beartas Tógála an OSR cruinniú Choiste Conarthaí Tógála an Rialtais (CCTR) ar siúl. Chas an Coiste seo ar a chéile 8 n-uaire in 2019 chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhain le tógáil san earnáil phoiblí agus chun comhairle shaineolach agus ionchur teicniúil a chur ar fáil ar bheartas soláthair tógála náisiúnta san earnáil phoiblí a fhorbairt. Ghlac an tAonad páirt freisin i nGrúpa na hEarnála Tógála agus i seimineáir/imeachtaí soláthair éagsúla an tionscail tógála agus na hearnála poiblí i gcaitheamh na bliana.

Déanfar thart ar 80% den airgead a chaithfear faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 a infheistiú i dtionscadail oibreacha/a sholáthrófar tríd an gCreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla, a bhainistíonn an OSR. Bhunaigh an OSR Acadamh Scileanna Tráchtála chun clár oiliúna dírithe a sholáthar chun feabhas a chur ar inniúlachtaí na bhfostaithe siúd sa tseirbhís phoiblí sna príomhranna caiteachais agus i gcomhlachtaí earnála poiblí atá freagrach as tionscadail infheistíochta caipitil a sholáthar. Soláthraíodh clár oiliúna píolótach Scileanna Tráchtála go rathúil ina raibh cúig mhodúl a chuaigh i ngleic le príomhscileanna tráchtála chun tionscadail oibreacha caipitil a bhainistiú i Ráithe 4 2019.

## 7.5. Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

Lean an OSR le hidirchaidreamh réamhghníomhach a dhéanamh le líonra forleathan páirtithe leasmhara, an tOireachtas, comhlachtaí ionadaíocha tionscail agus earnála poiblí, agus ar leibhéal idirnáisiúnta agus AE ina measc.

- Rinne an OSR **soláthar poiblí straitéiseach a chur chun cinn** ag roinnt imeachtaí earnáilbhunaithe agus faoi stiúir an tionscail; chuir sé cruinniú bliantúil an Líonra an Chomhlachta Lárnaigh Ceannaigh (an CLC) ar siúl do CLCanna ar fud an AE; ghlac sé páirt i ngrúpa oibre FBManna na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta; rinne sé ionadaíocht d'Éirinn ar leibhéal idirnáisiúnta agus trí idirchaidreamh a dhéanamh le Ballstáit maidir le roinnt mhaith saincheisteanna; agus chuir sé cruinnithe déthaobhacha ar siúl le comhlachtaí ionadaíocha an tionscail maidir leis an gclár athchóirithe soláthair a thabhairt chun cinn.

- Chas **an Grúpa Comhairleach FBManna** le chéile 4 huaire i rith 2019, agus d'fhreastail ionadaithe soláthair ó na hearnálacha Oideachais, Sláinte, Rialtais Áitiúil agus Rialtas Láir ar chruinniú mhí na Nollag. Tá miontuairiscí a chuid cruinnithe ar fáil ag www.ogp.gov.ie.

  Lean an OSR le straitéis cumarsáide an Ghrúpa a thabhairt isteach chun deiseanna chun páirt a ghlacadh i soláthar poiblí san earnáil FBManna a chur chun cinn. I measc na n-imeachtaí bhí cruinnithe faisnéise Bainistíochta Saoráidí a bhí dírithe ar sholáthraithe sa chatagóir sholáthair seo, oiliúint Go2Tender, Cruinnithe Faisnéise Bricfeasta, agus rannpháirtíocht ag imeachtaí náisiúnta ardphróifíle náisiúnta. Chuir an OSR lena shraith físeán freisin ina mínítear an próiseas soláthair, anuas ar chás-staidéir de FBManna ar éirigh leo conarthaí poiblí a bhaint amach a sholáthar.

- **Cliaint na hEarnála Poiblí:** Lean Príomhbhainisteoirí Cuntais (PBCanna) an OSR le hidirchaidreamh a dhéanamh le cliaint shinsearacha san earnáil phoiblí chun feasacht ar, agus idirchaidreamh le, réitigh sholáthair lárnacha a mhéadú agus chun tacú le cleachtais soláthair straitéisigh a fhorbairt. Rinne Deasc Chabhrach Seirbhís do Chustaiméirí an OSR idirchaidreamh go díreach le cliaint agus soláthraithe san earnáil phoiblí i gcaitheamh 2019 agus rinne siad bainistiú ar 11,000 ceist ó chomhlachtaí agus soláthraithe seirbhíse poiblí. Astu seo, réitíodh 92% de na ceisteanna an chéad uair a

lorgaíodh iad agus réitíodh 82% laistigh de 24 uair an chloig. Bhí 84% de na riachtanais a fuarthas cumhdaithe ag creat-chomhaontuithe reatha an OSR.

Eisíodh nuachtlitreacha ráithiúla do pháirtithe leasmhara i gcaitheamh 2019. Foilsíodh agus nuashonraíodh sceidil de shocruithe reatha agus a bhí ag teacht aníos ar líne. D'fhreastail thart ar 300 ionadaí ó limistéir ar fud na seirbhíse poiblí ar chomhdháil do chliaint na hearnála poiblí i Samhain.

D'fhreagair an OSR i rith na bliana do shuirbhé ar chliaint a rinneadh in 2018 tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: cumarsáid níos fearr a sholáthar maidir le hamlínte chun comórtais a chríochnú fúthu; próisis agus ábhair a shimpliú; agus láithreán gréasáin nua cliant a choimisiúnú chun teacht níos éasca ar fhaisnéis a sholáthar faoi chreat-chomhaontuithe, a bhí sceidealaithe lena sheoladh i 2020.

Lean an tAonad Beartas Tógála ag freastal ar a ríomhphost tiomnaithe soláthair tógála, a sholáthraíonn treoir agus comhairle faoi oibreacha agus ceisteanna a bhaineann le hoibreacha agus soláthar agus conarthacha, anuas ar a láithreán gréasáin CBOC.

## 7.6. Tuarascáil Anailíse ar Chaiteachas agus ar Tairiscintí na Seirbhíse Poiblí

Ar aon dul le sainchúram an OSR chun trédhearcacht sa soláthar poiblí a mhéadú agus chun feabhas a chur ar anailísíocht sonraí maidir le caiteachas poiblí ar earraí agus seirbhísí, seoladh Tuarascáil Anailíse ar Chaiteachas agus Tairiscintí na Seirbhíse Poiblí 2017 i Nollaig. Seo an cúigiú tuarascáil dá leithéid agus déantar anailís ann ar shuim breis agus €4.9 billiún, nó 82%, den caiteachas bliantúil inrochtana ar sholáthar poiblí faoi shainchúram an OSR agus a chomhpháirtithe earnála agus ar beagnach 4,400 fógra tairisceana seirbhíse poiblí atá foilsithe ar eTenders.gov.ie a bhfuil luach measta conartha €6.1 billiún orthu. Thug an tuarascáil le fios go ndéantar 94% den chaiteachas a ndearnadh anailís air le gnóthais laistigh den Stát agus go ndéantar an tromlach den chaiteachas is le FBManna.

## 7.7. Úsáid níos fearr a bhaint as Teicneolaíocht Dhigiteach

Sainaithníodh Claochlú Digiteach mar shnáithe mór de Dhréacht-Ráiteas Straitéise nua an OSR de réir mar a lorgaíonn an eagraíocht chun dlús a chur le soláthar digiteach a seirbhísí ar bhealach inrochtana, comhsheasmhach agus iomasach. Lorgaíonn an OSR chun próisis phoiblí agus na struchtúir thacaíochta a chuíchóiriú agus a fheabhsú a theastaíonn chun soláthar trédhearcach agus éifeachtúil a chumasú, trí struchtúir thacaíochta Ríomhsholáthair nua a fhorbairt ina measc.

- Lean Straitéis an Rialtas ar siúl in 2019 ina bhfuil an úsáid a bhaintear as an Teicneolaíocht Dhigiteach á méadú i bpríomhthionscadail oibreacha poiblí a chistítear tríd an gclár caipitil poiblí. Príomhthionscadal is ea **straitéis cur chun feidhme na Samhla Faisnéise faoi Fhoirgnimh (SFB)** a thabhairt isteach. Déanfar é seo a thabhairt san áireamh ar bhonn céimnithe isteach san earnáil soláthair i gcaitheamh tréimhse ceithre bliana agus tosófar leis na tionscadail mhórscála ar dtús mar gheall go bhfuil na hacmhainní ag an tsainchomhairleoireacht theicniúil níos mó chun SFB a sholáthar. Tacóidh na Caighdeáin nua um SFB, a d'fhoilsigh Eagraíocht Idirnáisiúnta na

gCaighdeán (ISO) le déanaí le cur chuige comhsheasmhach i leith SFB a sholáthar in Éirinn agus i margadh ar fud an domhain.

- Chuir an tAonad Beartas Tógála **seimineár Oibreacha Digiteacha** ar siúl i nDeireadh Fómhair agus leagadh amach ann forbairtí a rinne comhlachtaí poiblí a bhfuil páirt á glacadh acu cheana féin. Díríodh sa seimineár ar na tairbhí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i réitigh dhigiteacha agus d'fhreastail cinnteoirí sinsearacha, bainisteoirí TF agus sealbhóirí buiséid ó limistéir fud fad na seirbhíse poiblí air.

- Bhunaigh an OSR tionscadal **Ardán Ríomhthairiscintí** chun na riachtanais a shonrú agus chun conradh nua a bhunú don Ardán Ríomhthairiscintí, ar éag an chonartha reatha, in 2020. Bunaíodh Coiste Stiúrtha trasearnála agus tá rannpháirteachas agus comhairliúchán substainteach le páirtithe leasmhara ar bun faoi láthair. Beidh go leor oibre i gceist le haistriú go dtí ardán nua, agus déanfaidh sé difear do gach comhlacht poiblí, agus bainfidh ríthábhacht leis an oiliúint chuí a sholáthar chun an rath a bhaint amach.

- Chuir **Clár Ríomhshonrasctha** an OSR ar chumas na gcomhlachtaí Rialtas Láir cheana féin chun sonraisc leictreonacha a fháil agus a phróiseáil agus tá an clár á thabhairt isteach faoi láthair i measc comhlachtaí Rialtas Fo-Láir, ag féachaint lena gcríochnú faoi lár na bliana 2020. Lean an OSR lena fheachtas cumarsáide agus rannpháirteachais le páirtithe leasmhara i rith 2019 agus roinn sé idir nuashonruithe agus treoir le comhlachtaí poiblí trí fhóraim agus cainéil éagsúla agus chuir sé ceardlann ar siúl i Samhain lena chomhpháirtithe earnála. Cuireadh tús le plé maidir le Ríomhshonrascadh a bhunú laistigh de chlár níos fairsinge digiteach agus/nó athchóirithe, le tacaíocht agus/nó le ceannaireacht ón mbainistíocht shinsearach sa státseirbhís.

- Seoladh réiteach leictreonach an Doiciméid Aonair Eorpaigh maidir le Soláthar (rDAES) maidir le Ríomhthairiscintí an 28 Eanáir 2019. Is é an rDAES an chéad doiciméad caighdeánaithe digiteach Ríomhsholáthair atá ar fáil do gach fortháirgeoir atá bunaithe san AE. Fuair an tionscadal cistiú €428,000 ón gCoimisiún Eorpach i dtreo na gcostas iomlán forbartha rDAES €602,000. I gcaitheamh 2019, eisíodh 1,544 tairiscint, ar an iomlán, le hiarrataí rDAES agus fuarthas 5,534 freagairt rDAES ó sholáthraithe maidir leis na tairiscintí siúd.

- Rinneadh córas bainistíochta sreabhadh oibre Microsoft Dynamics 365 (D365) agus córas Bainistíochta ar Chaidreamh le Custaiméirí, a thacaíonn le 150 úsáideoir i bhfeidhmeanna Sheirbhís do Chustaiméirí agus Foinsithe an OSR a chur chun feidhme an 31 Eanáir 2019. Faoi dheireadh 2019, bhí 10,365 cásanna cliaint agus soláthraí, 1, 743 riachtanais cliaint agus breis agus 1,256 tionscadal foinsithe cruthaithe ar an gcóras.

## 7.8. Tacú le Foireann an OSR

Leanann an OSR ag tacú lena fhostaithe chun a gcumas a fhorbairt agus a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Leithdháileadh nach mór 40% de bhuiséad Foghlama agus Forbartha (FF) an OSR don fhoireann a bhí ag tabhairt faoi cháilíochtaí gairmiúla tríú leibhéal a bhaint amach dóibh féin agus ghlac 47 fostaí páirt ina Scéim Breisoideachais, agus thug 35 díobh siúd (74%) faoi cháilíochtaí a bhaint amach a bhain le soláthar poiblí. Leithdháil an OSR 7.5% dá bhuiséad FF chun tacú le sainróil laistigh d'aonaid ghnó

éagsúla in 2019, freastal ina measc ar chomhdhálacha, ballraíocht de chomhlachtaí gairmiúla agus suibscríbhinní le foilseacháin ábhartha ina measc.

Ghlac nócha a dó faoin gcéad de lucht saothair an OSR páirt in 25 ceardlann a chabhraigh le heolas a sholáthar do sheacht gcroíthéama Straitéis Daoine nua an OSR – EMPOWER. Buntacaíonn plean um chur i bhfeidhm mionsonraithe le EMPOWER ina leagtar amach 111 cuspóir faoi 7 gcroíthéama agus baineann amscálaí agus tomhas ar an rath le gach cuspóir (Rannpháirtíocht, Difear a Dhéanamh, Meon Dearfach, Deis, Folláine, Saineolas agus Aitheantas). Seoladh an straitéis i Márta.

Rinneadh éachtaí tábhachtacha in 2019 faoi gach ceann de ghnéithe EMPOWER, ach go háirithe, cultúr cóitseála a fhorbairt, tiomantas leanúnach láidir i dtreo tionscnaimh ionchuimsithe agus éagsúlachta, forbairt samhail lúfar cheannaireachta a chur i gcrích agus tionscnaimh nua freagrachta sóisialta corparáidí a sheoladh.

Is é an OSR an chéad eagraíocht Státseirbhíse a d’oibrigh as lámh leis an tionscnamh Áit Iontach le hOibriú Ann (GPTW) chun a aistear tacaíochta fostaithe a thagarmharcáil go ceann trí bliana. Ba é an scór GPTW a bhain an OSR amach sa chéad bhliain ná 55%, arbh airde sin ná an tagarmharc san earnáil phoiblí níos fairsinge agus chuir na torthaí eolas ar fáil do Dhréacht-Ráiteas Straitéise an OSR a fhorbairt.

# 8 Tacú lenár bhFoireann chun a Misean a Bhaint Amach

## 8.1. Straitéis People@PER

Príomhchumasóir é an tAonad Acmhainní Daonna a chuireann ar chumas na Roinne chun a croíchuspóirí caiteachais agus athchóirithe a shásamh trína chinntiú gur féidir leis an bhfoireann an rannchuidiú is éifeachtaí agus is féidir a dhéanamh agus go mbíonn na scileanna agus an t-eolas acu a theastaíonn chun a spriocanna a bhaint amach. Tá sé freagrach as réimse fairsing de sheirbhísí Acmhainní Daonna a sholáthar agus as Straitéis People@PER 2017-2020 a sholáthar.

Tá an Straitéis bunaithe ar roinnt prionsabal agus cuireann sí creat ar fáil chun tabhairt isteach tionscnamh duineláraithe a threorú, chun tacú le cuspóirí roinne a bhaint amach agus chun tionchar dearfach a imirt ar ár gcultúr eagraíochta. Tá na téamaí sa straitéis ar aon dul le Ráiteas Straitéise 2016-2019 an RCPA, Clár Athnuachana na Státseirbhíse, Straitéis Daoine na Státseirbhíse 2017-2020 agus Ár Seirbhís Phoiblí 2020.

Ar cheann de na príomhthosaíochtaí straitéiseacha a shainaithnítear sa straitéis People@PER, tá 'luach a léiriú ar éagsúlacht agus tacú le lucht saothair ionchuimsitheach'. Tá an Roinn tiomanta do thacú le lucht saothair ionchuimsitheach agus éagsúil ina léirítear Éire sa nua-aois agus na daoine ar a bhfreastalaíonn sé. Tá an straitéis meáite ar chultúr a chruthú ina mbíonn an teacht céanna ag an bhfoireann go léir ar dheiseanna agus ina bhfuil siad ar a gcompord agus muiníneach a bheith ar a nós féin ag an obair.

Chun tacú leis an misean seo, thug an Roinn roinnt gníomhaíochtaí isteach ón mbliain 2018 chun aitheantas na héagsúlachta a leabú ar fud na heagraíochta. Thug sí faoi chleachtadh Diagnóiseach Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (ÉI) ar fud na heagraíochta chun tuiscint a fháil ar eispéireas fhostaithe na Roinne ar an éagsúlacht agus ionchuimsiú agus chun staid ÉI sa Roinn faoi láthair a shainaithint. Lean an grúpa trasrannach PERspectives, a bunaíodh chun tacú le Straitéis People@PER a sholáthar, leis an gclár éagsúlachta a thabhairt chun cinn agus le hiarracht a dhéanamh chun cultúr ionchuimsitheach a leabú ar fud na roinne. Tugann obair na Roinne sa limistéar seo aird ar an gceanglas maidir le Dualgas na Seirbhíse Poiblí a leagtar amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

## 8.2. Comhpháirtíocht Gnó Acmhainní Daonna

Gníomhaíonn an fheidhm Chomhpháirtíochta Gnó (CG) mar sheirbhís sainchomhairleoireachta/chomhairleach don bhainistíocht shinsearach agus don fhoireann chun tacú leo chun athrú a chur chun cinn. Lean sé le pleananna agus réitigh Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus chun torthaí a sholáthar.

Leanadh le cur chuige straitéiseach a chur chun feidhme i dtaobh acmhainní soláthair foirne a leithdháileadh ar fud na Roinne, lena chinntiú go ndearnadh acmhainní a ailíniú le tosaíochtaí gnó. Lean Grúpa Pleanála an Lucht Saothair ag casadh lena chéile go rialta chun athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d'imir forbairtí beartais / tionscnaimh nua Acmhainní Daonna.

Anuas ar thacú le rannóga trí Cheardlanna bliantúla Pleanála Gnó a éascú, thacaigh na Comhpháirtithe Gnó freisin le breis agus 65 ball foirne a earcú agus le socrúchán a sholáthar dóibh sa Roinn agus d'oibrigh siad go dlúth le bainistíocht SMERÉ maidir le feachtais shaincheaptha earcaíochta i gcaitheamh na bliana.

Rinne an tAonad bainistiú ar go leor cásanna idirbheartaíochta Acmhainní Daonna agus ar cheisteanna casta a bhain le caidreamh idir fostaithe. Anuas ar seo, príomhról den fhoireann Chomhpháirtíochta Gnó is ea an Bhainistíocht Líne a chóitseáil go héifeachtach agus tacú leo chun beartas agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a chur chun feidhme agus i ngníomh. Leanadh ag díriú ar chaidreamh tionsclaíoch cobhsaí a inbhuanú trí shásra foirmiúil na Comhairle Roinne agus trí idirchaidreamh leanúnach a dhéanamh le hionadaithe ar thaobh na foirne.

## 8.3. Oibríochtaí Acmhainní Daonna

Lean an fheidhm earcaíocht agus roghnaithe le ról tábhachtach a ghlacadh i dtaobh tacú leis an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar a clár athchóirithe. Lean coinneáil le dúshlán a chruthú agus rinne an tAonad 67 ball foirne a earcú agus rinne sí scor 53 ball foirne a bhainistiú - ar bhaill iad beagnach 29% díobh a bhí ag fágáil i ndiaidh ardú céime a fháil. Seoladh córas nua Ríomhearcaíochta ar líne i Samhain 2019 agus déanfaidh an nuálaíocht seo próisis earcaíochta na Roinne a chuíchóiriú.

Cuireadh 5 sheisiún ar leith de Chlár Ionduchtúcháin na Roinne ar siúl in 2019. Lean seo le ról tábhachtach a ghlacadh i dtaobh tacú leis an bhfoireann nua a thosaigh ag oibriú leis an Roinn, go háirithe iad siúd arb earcaithe nua iad leis an Státseirbhís. Bhí seisiún ionduchtúcháin ar siúl freisin don fhoireann nua a thosaigh ag oibriú le SMERÉ ar leibhéil OC agus CI. Cé gur lean an Roinn le hardleibhéal d'aiseolas dearfach a fháil ar an gClár Ionduchtúcháin, rinneadh athbhreithniú ar an gClár Ionduchtúcháin in 2019 agus seolfar an clár nua in 2020.

## 8.4. Forbairt Eagraíochta

Ag cur le héachtaí Straitéis Foghlama agus Forbartha Acmhainní Daonna ONE 2015-2017, leanadh leis an mbealach chun foghlaim agus forbairt eagraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú faoi Straitéis People@PER 2017-2020. Ghlac ceithre chéad agus ochtú a seacht ball foirne páirt i dtionscnamh foghlama agus forbartha amháin nó níos mó in 2019 agus cuireadh 2,508 lá oiliúna foirmiúil, ar an iomlán, i gcuntas arb ionann sin agus 5 lá oiliúna fhoirmiúla in aghaidh an fhostaí. Aithníodh aibíocht na foghlama agus na forbartha sa Roinn nuair a cuireadh ar an ngearrliosta í do Dhámhachtainí Acmhainní Daonna CIPD Ireland 2019.

Chuir Scéim chuimsitheach Oideachais Iariontrála, a thacaigh le 19 mball foirne a bhí ag tabhairt faoi chláir acadúla i roinnt disciplíní éagsúla leis an idirghabháil foghlama agus forbartha. Áiríodh leo seo, airgeadas, gnó agus eacnamaíocht, Acmhainní Daonna, anailís beartais, córais faisnéise agus bainistíocht phoiblí. Príomhghné in uasoiliúint na foirne agus ina ngairmiúlú é forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Éascaíodh FGL i ngach rannán den Roinn chun déileáil le freastal ar sheimineáir, comhdhálacha, cláir oiliúna ghearra phoiblí agus suibscríbhinní le comhlachtaí gairmiúla.

## 8.5. Bainistíocht Chorparáideach

Lean Oifig Chorparáideach na Roinne le tacaíocht níos ginearálta chorparáideach a sholáthar don Ard-Rúnaí, an Bord Bainistíochta agus an Roinn, riaradh agus próiseáil Ceisteanna Parlaiminte, Iarrataí Cosanta Sonraí, Ionstraimí Reachtúla, Meabhráin Ríomh-Chomh-Aireachta agus Iarrataí um Shaoráil Faisnéise. Rinne sé cur chuige na Roinne a chomhordú freisin i leith rialachais, bainistíocht riosca agus a creat comhlíonta a chur i bhfeidhm.

I measc na bpríomhaschur agus na bpríomhthascanna i rith na bliana, bhí an méid seo a leanas:

- Ullmhú Phlean Gnó don bhliain 2019 agus 2020 agus Tuarascáil Bhliantúil 2018 na Roinne;
- Comhordú a dhéanamh ar bhainistíocht rioscaí straitéiseacha ardleibhéil agus ar leibhéal aonad gnó sa Roinn agus ar an ionchur leis an Measúnú Riosca Náisiúnta faoinar thug Roinn an Taoisigh;
- Cur i bhfeidhm leanúnach an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS);
- Tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Bainistíochta Taifead na Roinne;
- Tús a chur le Plean Leanúnachais Gnó a fhorbairt;
- Maoirseacht neartaithe a dhéanamh ar, agus idirchaidreamh neartaithe a dhéanamh leis, na Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne;
- Comhaontú a dhéanamh ar Chreat Rialachais leasaithe TFC; agus
- Cur chuige níos córasaí i leith Bainistíocht Eolais sa Roinn a thabhairt chun cinn.

Lean an tAonad Airgeadais le feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais sa Roinn, lena n-áirítear: na Cuntais Leithreasa a ullmhú; Meastacháin bhliantúla na Roinne a chruthú; tacaíocht agus comhairle gnó a sholáthar do ranna na Roinne; athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais Chinn Chomhairimh i ndiaidh gach imeacht toghcháin; feabhas a chur ar rialachas, comhlíonadh agus nósanna imeachta airgeadais, agus an Roinn a stiúradh agus a ullmhú san aistriú go dtí Seirbhís Chomhroinnte Bainistíochta Airgeadais.

Lean Oifig an Aire le tacaíocht feidhmiúcháin a sholáthar don Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina ról mar cheann polaitiúil na Ranna seo, agus chabhraigh seo leis chun a ról a chomhlíonadh agus lena chinntiú go ndéantar obair na Ranna ar gá don Aire aird a thabhairt orthu, a phróiseáil éifeachtúil, a cheadaíonn don dá Roinn chun a spriocanna ardleibhéil a bhaint amach.

Glacann Oifig an Ard-Rúnaí le príomhról i dtaobh tacaíocht a sholáthar don Ard-Rúnaí i gcomhthéacs a chuid freagrachtaí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.
Tá an ról seo bunriachtanach maidir le feidhmiú éifeachtach na Roinne agus baineann oibriú go dlúth leis an Ard-Rúnaí agus le gach Rannán de chuid na Roinne leis.

Lean an Phreasoifig le fís, ráiteas misin, agus luachanna agus obair an Aire a léiriú chun cumarsáid a dhéanamh ar bhealach straitéiseach agus éifeachtach le páirtithe leasmhara ábhartha.

## 8.6. Iniúchóireacht Inmheánach agus AE

Cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Aonad Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais agus is é an tÚdarás Iniúchóireachta d'Éirinn faoi

Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), faoi mar a cheanglaítear i rialacháin an Aontais Eorpaigh.

Chríochnaigh an tAonad Iniúchóireachta deich n-idirchaidreamh iniúchóireachta inmheánaí don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir lena Clár iniúchtaí 2019. D'eascair moltaí astu seo chun gnéithe éagsúla de phróisis na Roinne lena mbaineann ríthábhacht ghnó a fheabhsú. Mar chuid dá comhaontú iniúchóireachta inmheánaí seirbhíse comhroinnte leis an Roinn Airgeadais, chríochnaigh an tAonad Iniúchóireachta ocht dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí maidir lena clár 2019 d'iniúchtaí agus de na torthaí a tugadh le fios do Choiste Iniúchóireachta na Roinne.

Mar chuid de phlean iniúchóireachta 2019, thosaigh an tAonad, i gcomhar leis an Aonad Acmhainní Daonna, tús le hathbhreithniú ar an gcultúr sa Roinn. Rinneadh an obair a chonrú le sainchomhairleoirí seachtracha agus tabharfar na torthaí le fios i lár 2018.

## 8.7. Oifig an Phríomhoifigigh Leighis (POL)

Cuireadh comhairle leighis de chuid an POL in 2019 ar lucht saothair thart ar 42,000 státseirbhíseach, oifigeach príosúin, fostaí stáit tionsclaíoch agus fostaí tionsclaíoch cosanta. Chuir an POL comhairle leighis ar fáil freisin do roinnt eagraíochtaí earnála poiblí eile. Dhéileáil sé le beagnach 14,000 ceist bhainistíochta cáis in 2019, anuas ar imdhíonadh, closghraim agus scagthástáil sláinte, i measc thart ar 55 Roinn agus Oifig. I measc na limistéar nua oibre, bhí seiceálacha ar éisteacht closghraim agus ar nochtadh do dheannach d'oibrithe tionsclaíocha OOP agus imdhíonadh d'oifigigh inimirce.

Bronnadh creidiúnú Seirbhís Sláinte Cheirde Shábháilte, Éifeachtach, Ardchaighdeáin (SEQOHS) ar an POL i Meitheamh 2019. Scéim idirnáisiúnta creidiúnaithe é le haghaidh seirbhísí sláinte cheirde a bhainistíonn Coláiste Ríoga na Lianna, Londain thar ceann Dhámh na Míochaine Saothair. Ghlac sé thart ar 18 mí ar an POL chun ullmhú don chreidiúnú seo agus bhain cigireacht mhionsonraithe ar an láthair leis a rinne speisialtóirí sláinte cheirde. Cinntíonn creidiúnú gur seirbhís nua-aimseartha agus éifeachtúil atá sa POL a oibrítear ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta sláinte cheirde.